AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.12.2025
COM(2025) 781 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le dliteanais theagmhasacha a eascraíonn as ráthaíochtaí buiséadacha agus cúnamh airgeadais agus maidir le hinbhuanaitheacht na ndliteanas teagmhasacha sin

An staid an 31 Nollaig 2024

Clár

1. Réamhrá 2

2. Anailís ar fhoinsí éagsúla na ndliteanas teagmhasach 6

2.1 Ráthaíochtaí buiséadacha 6

2.2 Iasachtaí arna soláthar le haghaidh cúnamh airgeadais do thíortha nach Ballstáit den Aontas iad 8

2.3 Iasachtaí lamháil-bhunaithe 9

2.4 Forbhreathnú ar dhliteanais theagmhasacha ag deireadh 2024 13

3. Measúnú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht dhliteanais theagmhasacha an Aontais .. 15

3.1 Creat measúnaithe 15

3.2 Measúnú ar inbhuanaitheacht na ndliteanas teagmhasach arna soláthar 16

3.3 Measúnú ar inbhuanaitheacht na ndliteanas teagmhasach lamháil-bhunaithe 21

4. Conclúidí 25

5. Iarscríbhinní: 26

Inbhuanaitheacht agus lamháil i dtaca le huasteorainn bhuan na n-acmhainní dílse (in EUR billiún, praghsanna reatha) 26

Inbhuanaitheacht agus lamháil i dtaca le huasteorainn shealadach acmhainní dílse NGEU (in EUR billiún, praghsanna reatha) 27

1. Réamhrá

Eisítear an tuarascáil seo i gcomhréir le ceanglais Airteagal 256 den Rialachán Airgeadais[1] agus ba cheart é a léamh i gcomhar leis an méid a leanas:

- cuntais bhliantúla chomhdhlúite an Aontais Eorpaigh (bliain airgeadais 2024)[2];
- doiciméad oibre XI, a ghabhann le dréachtbhuiséad an Aontais don bhliain airgeadais 2026[3] agus ina soláthraítear faisnéis mhionsonraithe maidir le ráthaíochtaí buiséadacha an Aontais agus iasachtaí cúnaimh airgeadais arna soláthar (Tuarascáil Airteagal 41(5))[4]; agus
- an tuarascáil réamhaisnéise fhadtéarmach maidir le hinsreafaí agus le heis-sreafaí bhuiséad an Aontais Eorpaigh amach anseo (2026-2034), ina gcuirtear san áireamh an caiteachas buiséid atá beartaithe[5].

Is é an chéad chuspóir don tuarascáil seo forbhreathnú a thabhairt ar mhéid agus ar chomhdhéanamh na ndliteanas teagmhasach – dliteanais theagmhasacha **arna soláthar**[6] agus dliteanais theagmhasacha **lamháil-bhunaithe**[7] araon - arna n-íoc ó bhuiséad an Aontais ón 31 Nollaig 2024 ar aghaidh[8]. Is éard is dliteanais theagmhasacha ann dliteanais airgeadais fhéideartha a eascraíonn as gealltanais cheangailteacha atá ann cheana nó as teagmhais chonarthacha roimhe seo[9]. Is ar theagmhais amach anseo nach féidir a thuar go cinnte a bhraitheann sé cé acu a bheidh nó nach mbeidh glaonna iarbhír ar bhuiséad an Aontais mar thoradh ar na dliteanais theagmhasacha seo, agus méid aon ghlao den sórt sin.

Ag deireadh 2024, bhí buiséad an Aontais neamhchosanta ar dhliteanais theagmhasacha dar luach thart ar EUR 300 billiún a bhain le **hiasachtaí** (EUR 255 bhilliún ag deireadh 2023). As an EUR 300 billiún sin, tháinig EUR 252 bhilliún ó iasachtaí a deonaíodh do na Ballstáit. Úsáideadh an EUR 48 mbilliún a bhí fágtha le haghaidh iasachtaí do thíortha nach Ballstáit den Aontas iad (ar úsáideadh EUR 42.4 billiún as an EUR 48 mbilliún sin d'iasachtaí don Úcráin), agus as an EUR 42.4 billiún in iasachtaí don Úcráin, bhí an lamháil mar thaca le EUR 31.1 billiún. Bhí buiséad an Aontais neamhchosanta freisin ar dhliteanais theagmhasacha a bhaineann le **ráthaíochtaí buiséadacha** dar luach thart ar EUR 110 mbilliún (EUR 108 mbilliún ag deireadh 2023). Tugadh na ráthaíochtaí buiséadacha sin i gcomhthéacs an Chiste Eorpaigh le haghaidh Infheistíochtaí

1 Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024).

2 COM(2025) 359 an 25.6.2025

3 COM(2025) 300, an 4.6.2025.

4 Doiciméad oibre XI maidir le cur chun feidhme ráthaíochtaí buiséadacha, an Ciste don Soláthar Coiteann agus measúnú ar inbhuanaitheacht na ndliteanas teagmhasach a eascraíonn as ráthaíochtaí buiséadacha agus as cúnamh airgeadais de bhun Airteagal 41(5) den Rialachán Airgeadais.

5 COM(2024) 573 final an 16.7.2025.

6 Sa doiciméad sin úsáidtear an téarma *soláthar* de réir bhrí an Rialacháin Airgeadais agus go háirithe Airteagal 214 de. Mar a leagtar síos le hAirteagal 214(2), is gá go gcumhdaítear leis an ráta soláthair glanchaillteanais a bhfuil coinne leo móide maolán sábháilteachta leordhóthanach le haghaidh caillteanais nach bhfuil coinne leo. In imthosca eile (e.g. i gcomhthéacs cuntasaíochta) is féidir go mbeadh ciall eile leis an téarma soláthar.

7 Ciallaíonn 'lamháil-bhunaithe' go dtugtar an ráthaíocht le haghaidh dliteanais theagmhasacha ghaolmhara le lamháil bhuiséad an Aontais. Sa chleachtas, dá dtiocfadh na dliteanais theagmhasacha ghaolmhara chun cinn, d'fhéadfaí méideanna breise féideartha a ghlao ar na Ballstáit de bhreis ar uasteorainneacha CAI agus suas le huasteorainn na nAcmhainní Dílse chun freastal uirthi.

8 Tá an scoithdháta socraithe sin ailínithe le cuntais chomhdhlúite an Aontais agus le cuspóir na tuarascála measúnú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht na ndliteanas teagmhasach tabhaithe arna n-íoc ó bhuiséad an Aontais. Ní dhéantar aon réamhaisnéis maidir le dliteanais theagmhasacha a thiocfaidh chun cinn tar éis an dáta sin toisc go mbeidh siad ag brath ar riachtanais, ar dhálaí margaidh agus ar infhaighteachtaí leachtachta.

9 Léirítear le 'rioscaí dlí' foinse dliteanas teagmhasach ar leithligh. Ní chumhdaítear iad sin leis an tuarascáil reatha.

Straitéiseacha (CEIS)[10], InvestEU[11], an tSainordaithe Iasachtaithe Sheachtraigh (SIS)[12], an Chiste Eorpaigh um Fhorbairt Inbhuanaithe (CEFI)[13], CEFI+[14], agus an Chreata Infheistíochta don Úcráin (CIU), arb é an ráthaíocht bhuiséadach é chun tacú le hinfheistíocht san Úcráin a bunaíodh faoin Rialachán maidir leis an tSaoráid don Úcráin[15].

D'ardaigh dliteanais theagmhasacha iomlána - lena gcuimsítear ráthaíochtaí buiséadacha agus iasachtaí araon - go EUR 410 mbilliún in 2024, méadú ó EUR 363 bhilliún in 2023, a léiríonn méadú 13 %. Tá an ráta méadaithe sin i gcomhréir tríd is tríd leis an ráta méadaithe a chonacthas in 2023 (+ 16 %) agus tá sé níos ísle ná an ráta méadaithe a chonacthas in 2022 (40 %). Tagann formhór an mhéadaithe sin ó eisíocaíochtaí iasachta breise le Ballstáit faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA)[16] agus ón tacaíocht airgeadais don Úcráin faoin tSaoráid don Úcráin.

Ar an dara dul síos, cuirtear i láthair sa tuarascáil seo freisin measúnú ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach na ndliteanas teagmhasach bunaithe ar thosca cáilíochtúla agus cainníochtúla araon, lena n-áirítear tástáil struis. Déantar an measúnú seo ar inbhuanaitheacht trí dhliteanais theagmhasacha a chur i gcomparáid le:

- margadhluach na soláthairtí atá ann cheana atá in urranna faoi seach an Chiste don Soláthar Coiteann (CSC)[17] a bhunaigh an Coimisiún le haghaidh **dliteanais theagmhasacha arna soláthar**, i.e. dliteanais a eascraíonn as ráthaíochtaí buiséadacha agus cúnamh airgeadais do thíortha nach Ballstáit den Aontas iad;
- teorainneacha uasteorainn na n-acmhainní dílse agus an lamháil atá ar fáil do **dhliteanais theagmhasacha lamháil-bhunaithe.**

Is é príomhchonclúid na hanailíse inbhuanaitheachta ag deireadh 2024 go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag buiséad an Aontais Eorpaigh chun déileáil leis na dliteanais theagmhasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn arna dtabhú amhail ón 31 Nollaig 2024. Tá trí phríomhchúis leis an gconclúid sin, a leagtar amach sna pointí urchair thíos.

- Maidir le dliteanais theagmhasacha a eascraíonn as ráthaíochtaí buiséadacha agus cúnamh airgeadais do thíortha nach de chuid an Aontais iad, tá an soláthar a bhí ar fáil ag deireadh 2024 leordhóthanach agus ceanglais na gcreataí dlíthiúla faoi seach á gcur san áireamh[18].

10 Rialachán (AE) 2015/1017 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2015 maidir leis an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha, leis an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht agus leis an Tairseach Eorpach de Thionscadail Infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 (IO L 169, 1.7.2015, lch. 1).

11 Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 30).

12 Tá forbhreathnú ar na gníomhartha reachtacha ábhartha agus ar na comhaontuithe ráthaíochta comhfhreagracha idir an Coimisiún agus an Banc Eorpach Infheistíochta ar fáil i nGlacadh Cinntitheach (AE, Euratom) 2021/417 bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2021 (Roinn III – An Coimisiún, Nótaí Tráchta maidir le Mír 14 20 03 02 den ráiteas caiteachais 'Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha do ICFCI, EINS, IPA III agus MFA') (IO L 93, 17.3.2021, lch. 959).

13 Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meán Fómhair 2017 lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe (CEFI), Ráthaíocht CEFI agus Ciste Ráthaíochta CEFI (IO L 249, 27.9.2017, lch. 1).

14 Bunaíodh CEFI+ leis an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (ICFCI) – an Rialachán maidir leis an Eoraip Dhomhanda. Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1).

15 Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin.

16 Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

17 Chun mionsonraí a fháil maidir le CSC, féach an Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an gCiste don Soláthar Coiteann in 2024 (COM(2025) 400 final an 6.6.2025) agus an Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis (SWD(2025) 100 final an 6.6.2025).

18 Féach Roinn 3 de Thuarascáil Airteagal 41(5).

- Is leor acmhainneacht airgeadais an Aontais faoin gcreat dlíthiúil atá ann cheana do 2026 agus 2027 (i.e. an Cinneadh maidir le hAcmhainní Dílse (CAD)[19] agus an Rialachán maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027[20]) agus ó 2028 ar aghaidh an Cinneadh nua maidir le hAcmhainní Dílse atá beartaithe agus Rialachán CAI 2028-2034[21] chun gach dliteanas teagmhasach lamháil-bhunaithe a eascraíonn as fiachas arna eisiúint faoi i) STA, SURE agus iasachtaí eile do na Ballstáit a chumhdach, ii) an ionstraim maidir le cúnamh macrairgeadais don Úcráin plus (MFA+) agus iii) an tSaoráid don Úcráin, fiú in imthosca fíordhíobhálacha. I bhfocail eile, tá lear acmhainní ag an lamháil chun stóinseacht chóras airgeadais an Aontais agus a acmhainneacht creidmheasa a áirithiú fiú i gcás an-diúltach ina measctar drochthionchair i ndálaí eacnamaíocha, ioncam agus caiteachas[22].

Déantar na rioscaí a eascraíonn as dliteanais theagmhasacha a bhainistiú agus déantar faireachán orthu trí chreat ginearálta tras-Choimisiúin lena n-áirítear bearta agus coimircí fairsinge is féidir leis an gCoimisiún a úsáid chun buiséad an Aontais a chosaint ar chaillteanais a d'fhéadfadh eascairt as dliteanais theagmhasacha[23]. Tá an Coiste Stiúrtha um Dhliteanais Theagmhasacha tar éis ról lárnach a bheith aige maidir leis an gcreat sin[24]. Neartaíodh an creat sin ag tús 2025 trí Chinneadh (AE, Euratom) 2025/369 ón gCoimisiún[25], lenar leathnaíodh ról an Phríomhoifigigh Riosca. Agus é ag feidhmiú go neamhspleách ar Ard-Stiúrthóireachtaí an Choimisiúin atá freagrach as oibríochtaí airgeadais, soláthraíonn an Príomhoifigeach Riosca feidhm formhaoirseachta riosca airgeadais chriticiúil agus thiomnaithe i leith na n-oibríochtaí airgeadais uile, is é sin:

- iasachtaíocht, fiachas, agus an bainistiú leachtachta gaolmhar;
- oibríochtaí iasachtaíochta agus ráthaíochtaí buiséadacha;
- bainistiú sócmhainní, lena n-áirítear bainistiú sholáthairtí an Chiste don Soláthar Coiteann arb iad na cúlchistí atá curtha i leataobh chun freastal ar ghlaonna ar ráthaíochtaí buiséadacha an Aontais[26].

Bosca 1: CAI 2028-2034

Is é is cuspóir don tuarascáil seo measúnú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht na ndliteanas teagmhasach arna n-íoc ó bhuiséad an Aontais. Cé go ndéantar na ráthaíochtaí buiséadacha agus na hiasachtaí arna soláthar a thástáil in aghaidh mhargadhluach na soláthairtí atá i seilbh CSC, déantar measúnú réamhbhreathnaitheach ar dhliteanais theagmhasacha lamháil-bhunaithe arna n-íoc ó bhuiséad an Aontais, go páirteach trí bhreathnú ar éabhlóid réamh-mheasta íocaíochtaí CAI agus ar uasteorainn na n-acmhainní dílse. Le haghaidh na mblianta 2028-2034, áirítear sa mheasúnú, dá bhrí sin, uasteorainn na n-acmhainní dílse atá beartaithe ag 1,75 % d'ollioncam náisiúnta (OIN) an Aontais agus na caiteachais réamh-mheasta a

19 Cinneadh (AE, Euratom) Uimh. 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom (IO L 424, 15.12.2020, lch. 1).

20 Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11).

21 Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leagtar síos an Creat Airgeadais Ilbhliantúil le haghaidh na mblianta 2028 go 2034 (COM(2025)571 final); Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 (COM(2025)574 final).

22 Mura dtiocfar ar chomhaontú maidir leis na tograí reachtacha le haghaidh 2028-2034, leanfaidh an uasteorainn acmhainní dílse 1.4 % de OIN an Aontais atá ann faoi láthair d'fheidhm a bheith aici agus i gcomhréir le forálacha Airteagal 312(4) CFAE, 'cuirfear síneadh ama leis na huasteorainneacha agus leis na forálacha eile a chomhfhreagraíonn don bhliain dheireanach den chreat airgeadais'. I gcás den sórt sin, áiritheofar inbhuanaitheacht na lamhála faoin uasteorainn acmhainní dílse buana cé go mbeidh acmhainneacht caiteachais beartais níos lú ann ná mar atá beartaithe agus ná mar atá i CAI reatha, agus aisíocaíocht NGEU á cur san áireamh.

23 Féach míreanna 3.2 agus 4.2 den tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le hionstraimí airgeadais, ráthaíochtaí buiséadacha, cúnamh airgeadais agus dliteanais theagmhasacha - an staid amhail an 31 Nollaig 2020 (COM(2021) 676 final an 5.11.2021).

24 Tháinig an Coiste Stiúrtha um Dhliteanais Theagmhasacha le chéile cúig huaire in 2024.

25 Cinneadh (AE, Euratom) 2025/369 ón gCoimisiún an 21 Feabhra 2025 lena mbunaítear ról an Phríomhoifigigh Riosca chun maoirseacht a dhéanamh ar na rioscaí airgeadais a eascraíonn as oibríochtaí airgeadais an Aontais (IO L, 2025/369, 25.2.2025).

26 Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an gciste don soláthar coiteann In 2024 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:52025DC0400

bhaineann leis an togra le haghaidh CAI 2028-2034, mar a leagtar amach sa tuarascáil réamhaisnéise fhadtéarmach maidir le hinsreafaí agus eis-sreafaí bhuiséad an Aontais amach anseo (COM(2025)573). Is é atá sa réamh-mheastachán lamhála a eascraíonn as sin an bhunlíne ar dá réir a dhéantar meastóireacht ar na dliteanais theagmhasacha arna n-íoc ón mbuiséad ag deireadh 2024.

Thíolaic an Coimisiún a thogra le haghaidh an chéad CAI eile an 16 Iúil 2025. Áirítear sa togra úsáid níos mó a bhaint as ionstraimí airgeadais, ráthaíochtaí buiséadacha agus iasachtaí a bhfuil buiséad an Aontais mar thaca leo chun an méid seo a leanas a dhéanamh: i) giaráil a mhéadú; ii), ról níos láidre a bheith ag buiséad an Aontais maidir le hinfheistíocht phríobháideach a dhírioscú; agus iii) maoiniú ó infheisteoirí institiúideacha a scaoileadh.

Ar thaobh na ráthaíochtaí buiséadacha agus na n-ionstraimí airgeadais, áirítear sa togra ráthaíocht bhuiséadach amháin ón Aontas le haghaidh beartais inmheánacha, dá bhforáiltear sa bhunghníomh le haghaidh an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas (CEI) agus ceann le haghaidh beartais sheachtracha (le fo-uasteorainn don Úcráin), a bunaíodh sa bhunghníomh don Eoraip Dhomhanda (ED). Féadfaidh cláir eile i mbeartais inmheánacha agus sheachtracha úsáid a bhaint freisin as na ráthaíochtaí dá bhforáiltear in CEI agus in ED.

Tugadh uasmhéid ráthaíochta buiséadaí EUR 70 billiún agus EUR 143 bhilliún do CEI agus do ED faoi seach (lena n-áirítear EUR 48 mbilliún le haghaidh ráthaíochtaí buiséadacha don Úcráin a mhaoinítear tríd an gcúlchiste don Úcráin). Féadfaidh na cláir éagsúla an acmhainneacht iomlán a úsáid de réir a chéile. Cumhdófar freisin le huasmhéid ED iasachtaí do thíortha nach Ballstáit den Aontas iad (e.g. cúnamh macrairgeadais, iasachtaí bunaithe ar bheartais agus Euratom).

Áirítear freisin sa togra ón gCoimisiún maidir leis an mbuiséad fadtéarmach úsáid bhreise a bhaint as iasachtaí do na Ballstáit agus don Úcráin agus lamháil bhuiséad an Aontais mar thaca leo.

I gcás na hÚcráine, déanfar an Cúlchiste don Úcráin de EUR 100 billiún atá beartaithe a chur chun feidhme i bhfoirm iasachtaí agus deontas, agus déanfar na hiasachtaí a mhaoiniú trí iasachtaí a fháil agus an lamháil mar thaca leo, amhail, mar shampla, i gcás na Saoráide don Úcráin. Déanfar cinneadh faoi conas mar a roinnfear an Cúlchiste go hiarbhír idir iasachtaí agus deontais de réir na riachtanas.

Molann an Coimisiún freisin úsáid níos mó a bhaint as iasachtaí do na Ballstáit, mar chuid den chlár 'Catalyst Europe' de chuid na bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí. Chuirfeadh Catalyst Europe suas le EUR 150 billiún d'iasachtaí ar fáil a mhaoineofaí le hiasachtaíocht agus an lamháil mar thaca léi chun tacú le hathchóirithe agus le hinfheistíochtaí.

Ar deireadh, tá sásra nua urghnách sealadach molta ag an gCoimisiún freisin chun freagairt d'iarmhairtí géarchéimeanna tromchúiseacha, dianchruatain nó bagairtí tromchúiseacha cruatain a dhéanann difear don Aontas nó dá Bhallstáit. Leis an uirlis sin, cuirfear iasachtaí ar fáil do na Ballstáit agus iasachtaíocht an Aontais mar thaca leo ar feadh thréimhse an bhuiséid fhadtéarmaigh atá ar na bacáin, agus ar feadh na tréimhse sin amháin, má tharlaíonn géarchéim thromchúiseach agus ar chinneadh ón gComhairle, tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa. Dhéanfaí an iasachtaíocht a ráthú le hurrann shonrach bhreise faoi uasteorainn na n-acmhainní dílse atá cothrom le 0,25 % de OIN an Aontais arb é an t-aon chuspóir a bheadh léi a bheith mar thaca leis na hiasachtaí sin, dá ndéanfaí an sásra a ghníomhachtú.

Braitheann inbhuanaitheacht na ndliteanas teagmhasach amach anseo a bhaineann le cur chun feidhme ionstraimí nua a mholtar faoin gcéad CAI eile, agus ionstraimí eile a ghlactar nó a chuirtear chun feidhme in 2025 (i.e. an Sásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin agus iasachtaí ón Ionstraim um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip) ar ghlacadh iarbhír na tacaíochta iasachta agus déanfar measúnú orthu in eagráin amach anseo. Ní dhéanfar measúnú ar inbhuanaitheacht an tsásra urghnách chun freagairt do ghéarchéimeanna tromchúiseacha ach amháin má chuirtear cúnamh airgeadais iarbhír ar fáil faoin uasteorainn sin agus nuair a chuirtear ar fáil é.

2. Anailís ar fhoinsí éagsúla na ndliteanas teagmhasach

2.1 Ráthaíochtaí buiséadacha

Is ráthaíochtaí iad sin a thugtar do chomhpháirtithe cur chun feidhme éagsúla faoi shainorduithe SIS, CEIS, CEFI, InvestEU, CEFI+ agus CIU (an tSaoráid Infheistíochta don Úcráin[27]). Faoi na hionstraimí sin uile, soláthraíonn an tAontas Eorpach ráthaíochtaí do chomhpháirtithe cur chun feidhme[28] chun sciar de chaillteanais agus de chostais fhéideartha[29] a eascraíonn as a n-oibríochtaí maoinithe agus infheistíochta (i.e. oibríochtaí fiachais nó cothromais) a chumhdach.

Tá fócas geografach éagsúil ag na sé chlár ráthaíochta, rud a imríonn tionchar ar na rioscaí a bhaineann leo. Cuidíonn CEIS agus InvestEU le bearnaí infheistíochta laistigh den Aontas Eorpach a shárú. Tá SIS, CEFI agus CEFI+ mar chuid de bheartais sheachtracha an Aontais Eorpaigh agus tacaíonn siad le hinfheistíocht i dtíortha nach bhfuil san Aontas (le SIS agus Fuinneog Infheistíochta 1 CEFI+, agus iad ag díriú go príomha ar chontrapháirtithe ceannasacha, agus le hOllstruchtúr Oscailte CEFI agus CEFI+ agus Fuinneog Infheistíochta 4, dírítear go príomha ar oibríochtaí príobháideacha). Is é is aidhm do CIU tacú le hinfheistíochtaí téarnaimh agus atógála san Úcráin arna ndéanamh ag údaráis na hÚcráine, cuideachtaí san earnáil phríobháideach, bardais, fiontair faoi úinéireacht stáit nó gníomhaithe eile.

Tábla 1: Staid imeartha na ráthaíochtaí buiséadacha (amhail an 31 Nollaig 2024) (milliún EUR)(*)

	Méid uasta na ráthaíochta a bhí ar fáil arna síniú le comhpháirtithe cur chun feidhme	An ráthaíocht a bhí ar fáil i dtaca le hoibríochtaí arna síniú ag comhpháirtithe cur chun feidhme le faighteoirí deiridh	An ráthaíocht a bhí ar fáil i dtaca le hoibríochtaí arna síniú ag contrapháirtithe cur chun feidhme agus arna heisíoc le faighteoirí deiridh
CEIS	25 373	22 998	21 033
CEFI	759	667	521
SIS	25 772	25 772	19 184
InvestEU	27 042	11 769	3 468
CIU	790	172	132
CEFI+	30 173	11 228	1 341
Iomlán	**109 909**	**72 606**	**45 678**

(*) Léirítear leis an ráthaíocht arna síniú le contrapháirtithe méid na ráthaíochta a deonaíodh don chomhpháirtí cur chun feidhme trí shíniú an chomhaontaithe ráthaíochta. Áirítear leis an ráthaíocht i dtaca le hoibríochtaí arna síniú ag contrapháirtithe méideanna na ráthaíochta in oibríochtaí uile arna síniú ag na contrapháirtithe leis na faighteoirí/na hidirghabhálaithe airgeadais deiridh. Áirítear leis an ráthaíocht i dtaca

27 Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2024/792/oj/gae

28 In 2024, sholáthair an tAontas tacaíocht bhuiséadach i bhfoirm ráthaíochtaí do Ghrúpa BEI agus d'institiúidí airgeadais eile (lena n-áirítear BEAF agus Bainc Náisiúnta le hAghaidh Spreagadh) faoi na cláir ráthaíochta éagsúla a bhí ann cheana.

29 I roinnt cásanna, d'fhéadfadh an ráthaíocht nithe breise a chumhdach amhail costais chistithe agus táillí eile.

le hoibríochtaí arna síniú agus arna heisíoc méideanna na n-oibríochtaí a eisíocadh ón gcontrapháirtí leis an bhfaighteoir / na hidirghabhálaithe deiridh.

a) Ráthaíochtaí buiséadacha chun tacú le hinfheistíocht lasmuigh den Aontas

Is é **SIS** an ráthaíocht bhuiséadach is sine de chuid an Aontais. Cuireann sé ar chumas an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI) tabhairt faoi oibríochtaí maoiniúcháin i dtimpeallachtaí níos rioscúla lasmuigh den Aontas i réimsí amhail bonneagar socheacnamaíoch a fhorbairt.

In 2017, cuireadh ráthaíocht **CEFI** i bhfeidhm chun tacú le hinfheistíochtaí agus chun feabhas a chur ar rochtain ar mhaoiniú - go príomha san Afraic agus sna tíortha 'comharsanachta' atá ar theorainn an Aontais - agus chun cuidiú leis na tíortha sin Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

Trí thógáil ar thaithí SIS agus CEFI, cuireadh **CEFI+** ar bun do thréimhse CAI 2021-2027 mar phacáiste airgeadais comhtháite lena soláthraítear acmhainneacht mhaoiniúcháin don Afraic fho-Shahárach, don Áise agus do Réigiún an Aigéin Chiúin, do Mheiriceá Laidineach, don Mhuir Chairib agus do na tíortha comharsanachta agus do thíortha an mhéadaithe. Tá tacaíocht faoi CEFI+ dírithe ar infheistíocht a rannchuidíonn leis an méid seo a leanas: (i) laghdú ar neamhionannais shocheacnamaíocha; (ii) fás inbhuanaithe agus cuimsitheach; (iii) maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide; (iv) cosaint agus bainistíocht chomhshaoil; agus (v) cruthú post.

Tá **CIU** ceaptha chun maoiniúcháin a chur ar fáil do thosaíochtaí a shainaithnítear sa Phlean don Úcráin[30]. Is cuid den Rialachán maidir leis an tSaoráid don Úcráin (RSU) é CIU, arb é is cuspóir dó: i) infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha a mhealladh do théarnamh agus atógáil na hÚcráine; agus ii) tacú le conair na hÚcráine i dtreo aontachas leis an Aontas[31].

b) Ráthaíochtaí buiséadacha chun tacú le hinfheistíocht laistigh den Aontas

In 2015, seoladh **CEIS** chun fadhb na hinfheistíochta príobháidí maolaithe fada san Aontas a réiteach tar éis na géarchéime airgeadais. Is éard atá ann ráthaíocht bhuiséadach uasta EUR 26 bhilliún ó bhuiséad an Aontais do Ghrúpa BEI, ráthaíocht a fhorlíontar le leithdháileadh ó acmhainní dílse BEI de EUR 7.5 billiún.

Seoladh clár **InvestEU** faoi CAI 2021-2027 agus is é is aidhm dó borradh breise faoi infheistíochtaí lena gcothaítear téarnamh eacnamaíoch, athléimneacht, fás glas agus fostaíocht san Aontas le linn na tréimhse 2021-2027 a áirithiú. Féachtar leis an sprioc sin a bhaint amach trí fhoinsí maoinithe phoiblí agus phríobháidigh a shlógadh, chun cistiú fadtéarmach agus tacaíocht a sholáthar do chuideachtaí agus do thionscadail i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais sa chomhthéacs eacnamaíoch agus sóisialta dúshlánach atá ann faoi láthair.

c) Anailís chomparáideach ar ráthaíochtaí buiséadacha

Tá na sé chlár ráthaíochta buiséadaí éagsúil i leith roinnt gnéithe, lena n-áirítear a gcéimeanna difriúla maidir le cur chun feidhme. Cé go bhfuil dea-theist ar SIS (a bunaíodh in 1977) le fada an lá, níor tháinig deireadh le tréimhsí bunaithe CEIS agus CEFI go dtí 2022 agus 2024 faoi seach. An tráth céanna, níor cuireadh tús le céim infheistíochta InvestEU, CEFI+ agus CIU go dtí le déanaí. Léirítear na céimeanna éagsúla cur chun feidhme sin le haghaidh na sé chlár ráthaíochta buiséadaí sa tábla thuas. I gcás SIS agus CEIS, léirítear sna figiúirí go bhfuil uasmhéid na ráthaíochtaí, nach mór, geallta do chomhpháirtithe cur chun feidhme agus go bhfuil gealltanas tugtha ag na comhpháirtithe cur chun feidhme tacú le hoibríochtaí suas go dtí na méideanna iomlána sin. Os a

30 https://enlargement.ec.europa.eu/proposal-council-implementing-decision-approval-assessment-ukraine-plan_en
31 https://enlargement.ec.europa.eu/news/commission-endorses-ukraine-plan-paving-way-regular-payments-under-ukraine-facility-2024-04-15_en

choinne sin, tá ráthaíochtaí buiséadacha níos nuaí amhail CEFI+, InvestEU agus SIS ag céim i bhfad níos luaithe ina mborradh.

Táthar tar éis forbairt a dhéanamh le ráthaíochtaí buiséadacha nua amhail InvestEU, CEFI+ agus CIU bunaithe ar an taithí a fuarthas ó ráthaíochtaí atá níos seanbhunaithe agus tá gnéithe comhchosúla acu. Mar sin féin, tá níos mó comhpháirtithe cur chun feidhme ('ollstruchtúr oscailte') agus réimse níos leithne táirgí ag InvestEU, CEFI+ agus SIS.

2.2 Iasachtaí arna soláthar le haghaidh cúnamh airgeadais do thíortha nach Ballstáit den Aontas iad

Eascraíonn na dliteanais theagmhasacha faoin gceannteideal seo as cúnamh airgeadais a sholáthraítear i bhfoirm iasachtaí faoin **gclár Cúnamh Macrairgeadais** (MFA)[32] agus iasachtaí **Euratom** do thíortha nach Ballstáit den Aontas iad[33]. Tá an lamháil mar thaca le hiasachtaí a dheonaítear don Úcráin faoin gclár MFA+ agus faoin tSaoráid don Úcráin, ar fiú EUR 31.1 billiún iad ag deireadh 2024, agus pléifear iad i Roinn 2.3.

Is faoi chlár MFA go príomha a tugadh tacaíocht airgeadais do thíortha nach Ballstáit den Aontas iad i bhfoirm iasachtaí déthaobhacha ón Aontas, clár ina ndírítear ar thíortha nach Ballstáit den Aontas ina bhfuil géarchéim maidir le comhardú na n-íocaíochtaí. In 2024, eisíocadh iasachtaí nua MFA dar luach EUR 1,15 billiún[34].

I gCreat Infheistíochta na mBalcán Thiar (CIBT), cuireadh socruithe i bhfeidhm in 2024 chun iasachtaí suas le EUR 4 bhilliún a chur ar fáil do shé thír is iarrthóirí agus eisíocaíocht na gcéad tráthchodanna le tosú in 2025. Cuireadh saoráid iasachta ar leithligh ar bun freisin don Mholdóiv (EUR 1.5 billiún) – tá sé beartaithe freisin tús a chur le heisíocaíocht in 2025. Sa bhreis ar iasachtaí MFA do stáit cheannasacha nach Ballstáit den Aontas iad, tá iasachtaí Euratom dar luach EUR 300 milliún, a soláthraíodh do chlár fuinnimh núicléach na hÚcráine, fós gan íoc amhail an 31 Nollaig 2024.

Tábla 2: Méideanna gan íoc i ndáil le hiasachtaí do thíortha nach Ballstáit den Aontas iad (amhail an 31 Nollaig 2024) (EUR milliún)

	Iasachtaí gan íoc	Ús fabhraithe	Iomlán
MFA(*)	15 738	118	**15 856**
Euratom	300	1	**301**
Iomlán	**16 038**	**119**	**16 157**

(*) Gan iasachtaí MFA+ na hÚcráine ná iasachtaí na Saoráide don Úcráin a áireamh (an lamháil mar thaca leo).

Go traidisiúnta, cistíodh iasachtaí do thíortha nach Ballstáit den Aontas iad trí oibríochtaí faighte iasachta 'droim le droim', i.e. cistíodh gach iasacht le banna comhfhreagrach an Aontais a thagann go hiomlán le hiasacht an Aontais ó thaobh aibíochta, ráta úis agus sceidil aisíocaíochta de. Ó mhí

32 Is é Airteagal 212 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí le haghaidh cúnamh macrairgeadais do thíortha nach Ballstáit den Aontas iad seachas tíortha i mbéal forbartha. Féadfar Airteagal 213 CFAE a úsáid mar bhunús dlí i gcás ina bhfuil cúnamh airgeadais práinneach de dhíth ar thríú tír.

33 Cuidíonn saoráid iasachta Euratom leis na Ballstáit agus le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad araon infheistíochtaí a mhaoiniú i stáisiúin cumhachta núicléiche agus i suiteálacha tionsclaíocha sa timthriall breosla núicléach. Féach Cinneadh 77/270/Euratom ón gComhairle an 29 Márta 1977 lena dtugtar an chumhacht don Choimisiún iasachtaí Euratom a eisiúint chun rannchuidiú le stáisiúin núicléacha a mhaoiniú (IO L 88, 6.4.1977, lch. 9), arna leasú agus arna fhorlíonadh.

34 Áirítear orthu sin EUR 1 bhilliún don Éigipt, EUR 95 mhilliún don Mholdóiv agus EUR 50 milliún don Mhacadóin Thuaidh. Chun mionsonraí a fháil, lena n-áirítear an méid gan íoc in aghaidh gach tairbhí aonair, féach an tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme an chúnaimh macrairgeadais do thíortha nach Ballstáit den Aontas iad in 2024 (COM(2025) 330 final an 23.6.2025) agus SWD(2025) 166 final an 23.6.2025 a ghabhann leis.

Eanáir 2023 ar aghaidh, bunaíodh cur chuige difriúil - an cur chuige cistiúcháin aontaithe - mar an modh ginearálta iasachtaíochta le haghaidh bhannaí an Aontais[35]. Faoin gcur chuige cistiúcháin aontaithe, bailíonn an Coimisiún na fáltais eisiúna uile i gcomhthiomsú láraithe cistiúcháin agus ansin déanann sé iad a leithdháileadh go hinmheánach ar na cláir bheartais éagsúla. Tá infheisteoirí i mbannaí an Aontais neamhchosanta ar riosca creidmheasa íseal an Aontais agus ní ar riosca creidmheasa na tíre deiridh is tairbhí. Tá dliteanas an Aontais teagmhasach toisc go bhfuil oibleagáid chonarthach ar an tír is tairbhí an sreabhadh ioncaim a sholáthar chun bannaí an Aontais a aisíoc. Fad nach bhfuil tairbhí na hiasachta ar mainneachtain, ní gá aon eis-sreabhadh acmhainní ón Aontas chun fiachas an Aontais a ghlanadh.

Mar theagmhas sa chás nach n-aisíocann an tír is tairbhí ús nó príomhshuim ar an iasacht a fuarthas, cuireann buiséad an Aontais soláthairtí i leataobh le haghaidh na n-iasachtaí sin. De ghnáth agus i gcomhréir leis an reachtaíocht atá ann cheana coinnítear 9 % de luach na n-iasachtaí mar sholáthairtí le haghaidh iasachtaí MFA nó Euratom do thíortha nach Ballstáit den Aontas iad in urranna tiomnaithe sa chiste don soláthar coiteann. Pléitear leibhéil an tsoláthair in aghaidh na n-iasachtaí sin i Roinn 3.2 a thuilleadh.

Dá bhrí sin, tá na méideanna aisíocaíochta a thuairiscítear i dTábla 3 le tuiscint mar na huasmhéideanna intuartha a d'fhéadfadh a bheith glaoite in aghaidh soláthairtí le linn na mblianta 2025-2030.

Tábla 3: Sceideal aisíocaíochta bliantúil d'iasachtaí gan íoc do thíortha nach Ballstáit den Aontas iad (príomhshuim + ús) faoi na cláir atá ann cheana do na blianta 2025-2030 (an 31 Nollaig 2024) (milliún EUR)

Bliain	Euratom	MFA	Gach clár
2025	1	162	**163**
2026	1	410	**411**
2027	51	442	**493**
2028	51	441	**492**
2029	0	1 185	**1 185**
2030	100	308	**408**
Iomlán	**204**	**2 948**	**3 152**

2.3 Iasachtaí lamháil-bhunaithe

Eascraíonn na dliteanais theagmhasacha faoin gceannteideal seo as **iasachtaí do Bhallstáit** (i.e. iasachtaí faoin tSaoráid faoi chomhair Chomhardú na nÍocaíochtaí (CnI)[36], iasachtaí ón Sásra Cobhsaíochta Airgeadais Eorpach (EFSM)[37], iasachtaí ó Shaoráid Euratom, iasachtaí faoi SURE[38]

35 Rialachán (AE, Euratom) 2022/2434 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a mhéid a bhaineann le straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a bhunú mar mhodh ginearálta iasachtaíochta.

36 Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 ón gComhairle an 18 Feabhra 2002 lena mbunaítear saoráid trína soláthraítear cúnamh airgeadais meántéarmach i leith chomharduithe íocaíochtaí na mBallstát (IO L 53, 23.2.2002, lch. 1).

37 Rialachán (AE) Uimh. 407/2010 ón gComhairle an 11 Bealtaine 2010 lena mbunaítear sásra cobhsaíochta airgeadais Eorpach (IO L 118, 12.5.2010, lch. 1). Rialachán (AE) Uimh. 2015/1360 ón gComhairle an 4 Lúnasa 2015 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 407/2010 lena mbunaítear sásra cobhsaíochta airgeadais Eorpach (IO L 210, 7.8.2015, lch. 1).

38 Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle an 19 Bealtaine 2020 maidir le bunú ionstraime Eorpaí le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE) ag eascairt as ráig COVID-19 (IO L 159, 20.5.2020, lch. 1).

agus iasachtaí faoi STA a sholáthraítear chun tacú le hinfheistíochtaí agus le hathchóirithe). Ina theannta sin, tá an lamháil bhuiséadach faoi uasteorainn na n-acmhainní dílse mar thaca freisin le **hiasachtaí don Úcráin** a deonaíodh in 2023 agus 2024 (EUR 18 mbilliún in iasachtaí ón Ionstraim MFA+ don Úcráin agus EUR 13.1 billiún in iasachtaí a deonaíodh faoin tSaoráid don Úcráin).

Ní sholáthraítear *ex ante* dliteanais theagmhasacha a eascraíonn as iasachtaí do Bhallstáit ná as iasachtaí a tugadh don Úcráin le déanaí. Ina ionad sin, tugtar cúlstop dóibh leis an bhféidearthacht 'acmhainní dílse' breise a iarraidh ar na Ballstáit faoi chreat buiséadach an Aontais (suas le teorainneacha uasteorainn na n-acmhainní dílse, i.e. 'lamháil' an bhuiséid a úsáid).

Ciallaíonn sé sin, mura ndearna tairbhí a chuid oibleagáidí i leith an Aontais a chomhlíonadh, go mbeadh an tAontas i dteideal – mar rogha dheireanach agus díreach tar éis gach deis eile a thapú chun teacht ar réitigh laistigh den chreat airgeadais ilbhliantúil atá ann cheana – a iarraidh ar na Ballstáit an méid atá i gceist a chumhdach. Dhéanfaí na glaonna sin ar chistí de bhreis ar uasteorainneacha CAI, ach uasteorainneacha na n-acmhainní dílse á comhlíonadh go hiomlán.

Déantar iasachtaí níos déanaí (iasachtaí ó STA agus iasachtaí faoi Ionstraim MFA+ don Úcráin agus faoin tSaoráid don Úcráin) a mhaoiniú tríd an gcur chuige cistiúcháin aontaithe, ina ndeonaítear iasachtaí do thairbhithe ar feadh tréimhsí fada, agus de ghnáth is éard atá i gceist nach n-aisíoctar an phríomhshuim ar feadh tréimhse shínte agus tréimhse fhada ina dhiaidh sin ina ndéantar príomhshuim ath-amúchta bheag bhliantúil a íoc[39].

In 2024, d'fheidhmigh an Coimisiún, ag gníomhú dó thar ceann an Aontais, ceithre chlár faoinar thug sé iasachtaí do na Ballstáit. Níor eisíocadh aon iasacht nua faoi na chéad trí chlár in 2024. Tá sonraí na gceithre chlár sin leagtha amach sna pointí urchair thíos.

- Cruthaíodh **an tSaoráid faoi chomhair Chomhardú na nÍocaíochtaí** in 2002 chun cuidiú le tíortha an Aontais lasmuigh den limistéar euro a bhfuil deacrachtaí acu nó atá i mbaol deacrachtaí a bheith acu maidir le comhardú na n-íocaíochtaí.
- Cuireadh **EFSM** i bhfeidhm in 2010 chun tacaíocht airgeadais a chur ar fáil do Bhallstáit atá thíos le géardheacrachtaí airgeadais nó atá i mbaol géardheacrachtaí airgeadais de bharr teagmhais eisceachtúla nach bhfuil neart acu orthu.
- Comhaontaíodh clár **SURE** i mí an Mheithimh 2020 chun cuidiú le maoiniú a chur ar fáil do mhórmhéaduithe tobanna ar chaiteachas poiblí náisiúnta a bhaineann le scéimeanna náisiúnta oibre gearrthéarmacha agus le bearta comhchosúla mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19. Ós rud é gur cuireadh an ionstraim éigeandála sin i bhfeidhm sular tháinig an méadú in 2020 ar uasteorainn na n-acmhainní dílse [40]agus an lamháil i bhfeidhm, chomhaontaigh na Ballstáit uile ráthaíochtaí neamh-inchúlghairthe, neamhchoinníollacha agus ar éileamh a sholáthar le haghaidh 25 % d'uasmhéid an chúnaimh airgeadais[41]. Déanann gach Ballstáit ranníocaíocht do

39 Ag deireadh 2022, bunaíodh an straitéis cistiúcháin éagsúlaithe mar an modh bunlíne chun gach oibríocht iasachtaíochta, lena n-áirítear cúnaimh mhacrairgeadais, a chur chun feidhme. Fágann sé gur féidir eisíocaíocht shonrach iasachtaí le Ballstát nó le tír nach Ballstát den Aontas í a dhínascadh go hiomlán ó eisiúint bhannaí sonracha an Aontais. Faoi NGEU, faigheann an Coimisiún airgead ar iasacht ar na margaí freisin chun tacaíocht neamh-inaisíoctha a mhaoiniú (lena n-áirítear deontais STA). Cumhdaítear aisíocaíocht na n-oibríochtaí sin chun iasacht a fháil trí leithreasuithe na mbuiséad bliantúil amach anseo, laistigh de theorainneacha CAInna, agus dá bhrí sin ní hionann é agus dliteanas teagmhasach don Aontas. Mar sin féin, eascraíonn dliteanais theagmhasacha nua as gníomhaíochtaí NGEU chun iasachtaí a fháil agus a thabhairt (i.e. chun iasachtaí STA a chistiú) agus tugtar aghaidh orthu sa tuarascáil seo.

40 Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE.

41 Anuas ar an ráthaíocht arna soláthar ag na Ballstáit uile, leagtar roinnt coimircí síos i Rialachán SURE chun an riosca a bhaineann le dliteanais theagmhasacha SURE a mhaolú. Áirítear leo sin teorainn chomhchruinnithe ar na trí iasacht is mó de 60 % den uasmhéid a dheonaítear faoi SURE, neamhchosaint bhliantúil uasta 10 % (i.e. ní fhéadfaidh íocaíochtaí dlite gach bliain a bheith níos mó ná EUR 10 billiún), agus an fhéidearthacht don Choimisiún a chuid iasachtaíochta a thar-rolladh más gá.

mhéid foriomlán na ráthaíochta atá comhréireach lena scair choibhneasta in OIN an Aontais (bunaithe ar bhuiséad 2020 an Aontais).

- Is é **STA** colún lárnach clár NextGenerationEU (NGEU) (2020)[42] agus is ionstraim shealadach é chun tacú le hathchóirithe agus le hinfheistíochtaí i mBallstáit den Aontas agus é mar sprioc dheiridh acu téarnamh ó phaindéim COVID-19 a éascú agus cuidiú leis na haistrithe glasa agus digiteacha san am céanna. Faoi ionstraim théarnaimh an Aontais Eorpaigh, faigheann an Coimisiún cistí ar iasacht a úsáideann STA ansin chun athchóirithe agus infheistíochtaí na mBallstát a mhaoiniú. Féadfaidh an maoiniú a bheith ina iasacht (tacaíocht inaisíoctha) nó ina dheontas (tacaíocht neamh-inaisíoctha). Is as iasachtaí STA a eascraíonn dliteanais theagmhasacha (seachas as deontais STA), agus dá bhrí sin ní bhreithnítear ach iasachtaí STA chun críocha na tuarascála seo.

Ag deireadh 2024, bhí dliteanais theagmhasacha tabhaithe ag buiséad an Aontais ó dhá chlár chun tacú leis an Úcráin agus cuireadh an costas a bhain leis na dliteanais theagmhasacha sin in aghaidh an lamháltais. Is é **MFA+** an chéad cheann de na cláir sin, ar shroich méideanna gan íoc EUR 18 mbilliún ina leith ag deireadh 2023 gan aon iasacht bhreise nua a bheith eisíoctha in 2024. Is í an dara ceann de na cláir sin an **tSaoráid don Úcráin (EUR 13.1 billiún gan íoc ag deireadh 2024)**. Déantar costais úis faoin dá chlár a fhóirdheonú sa tréimhse go dtí deireadh 2027 chun lamháltas na n-iasachtaí sin a mhéadú, le socruithe éagsúla. Cumhdaíonn na Ballstáit costais úis iasachtaí MFA+ trí ioncam sannta seachtrach trí bhuiséad an Aontais, agus cumhdaíonn buiséad an Aontais costais an ráta úis ar iasachtaí ón tSaoráid don Úcráin.

Tábla 4: Iasachtaí eisíoctha atá bunaithe ar lamháil bhuiséadach an Aontais (amhail an 31 Nollaig 2024) (EUR milliún)

	Iasachtaí eisíoctha	Ús fabhraithe	Iomlán
Saoráid faoi chomhair Chomhardú na nÍocaíochtaí	200	1	**201**
EFSM	42 000	380	**42 380**
SURE	98 355	104	**98 459**
STA (iasachtaí)	108 686	1 434	**110 120**
MFA+	18 000	273	**18 273**
An tSaoráid don Úcráin	13 112	205	**13 317**
Iomlán	**280 353**	**2 397**	**282 750**

Idir deireadh 2023 agus deireadh 2024, bhí an méadú ba shuntasaí ar iasachtaí STA, a mhéadaigh ó EUR 79.6 billiún go EUR 110.1 billiún — méadú EUR 30.5 billiún ó dheireadh 2023 (+ 38.3 %). Ar an iomlán, tháinig méadú ar na méideanna iomlána gan íoc ó EUR 239.7 billiún ag deireadh 2023 go EUR 282.8 billiún ag deireadh 2024, a léiríonn méadú EUR 43.0 billiún (+ 17.9 %).

Cuirtear i láthair i dTábla 5 thíos méideanna na n-aisíocaíochtaí bliantúla iomlána (príomhshuim móide ús) atá dlite ag tairbhithe uile iasachtaí an Aontais a deonaíodh i gcomhthéacs na nithe seo a leanas: i) an cúnamh airgeadais do na Ballstáit, agus (ii) cúnamh airgeadais don Úcráin faoi ionstraim MFA+ agus ionstraim na Saoráide don Úcráin.

42 Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 23).

Maidir le gach ceann de na blianta atá á mbreithniú, tugann na méideanna sin táscaire den eis-sreabhadh uasta teoiriciúil atá le cumhdach ag buiséad an Aontais i ndáil leis na dliteanais theagmhasacha a eascraíonn as cúnamh airgeadais do na Ballstáit agus don Úcráin ag deireadh 2024.

I gcaitheamh na tréimhse don chéad CAI eile (go dtí 2034), is é EUR 9.2 billiún an méid ar an meán gach bliain a íocann tairbhithe iasachta in aisíocaíochtaí príomhshuime agus úis (i.e. gan iasachtaí STA a áireamh) atá ábhartha don uasteorainn bhuan. Is é EUR 2.8 billiún an méid ar an meán gach bliain i gcaitheamh na tréimhse 2025-2034 a íocann tairbhithe iasachta in aisíocaíochtaí príomhshuime agus úis agus uasteorainn NGEU mar thaca leo (i.e. iasachtaí STA).

Tábla 5: Sceideal aisíocaíochta bliantúil na n-iasachtaí lamháil-bhunaithe gan íoc (caipiteal + ús) faoi na cláir atá ann cheana le haghaidh na mblianta 2025-2030 (an 31 Nollaig 2024) (milliún EUR)


Bliain	Comhardú na n-Íocaíochtaí	EFSM	SURE	Iasachtaí STA (*)	MFA+ (**)	An tSaoráid don Úcráin(***)	Gach clár
2025	206	306	8 217	2 215	570	320	11 834
2026	0	6 913	8 327	2 216	570	391	18 417
2027	0	3 587	327	2 216	570	391	7 091
2028	0	4 612	10 327	2 219	571	392	18 121
2029	0	1 790	8 464	2 218	571	391	13 434
2030	0	371	10 327	2 216	570	391	13 875
Iomlán	**206**	**17 579**	**45 989**	**13 300**	**3 423**	**2 277**	**82 772**

(*) Déantar ús le haghaidh iasachtaí STA faoi chlár NGEU a ríomh ar bhonn rollach de réir modheolaíocht shonrach (féach Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2022)9701 final ón gCoimisiún an 19.12.2022). Dá bhrí sin, is meastachán bunaithe ar choinníollacha cistithe atá ann faoi láthair é an muirear úis bliantúil le haghaidh na n-iasachtaí a chuirtear i láthair thuas. (**) I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2022/2463, féadfaidh an tAontas, gach bliain, arna iarraidh sin don Úcráin, fóirdheontas ráta úis a dheonú chun costais úis a bhaineann le hiasachtaí MFA+ a chumhdach.
(***) I gcomhréir le hAirteagal 23 de Rialachán (AE) 2024/792, féadfaidh an Úcráin fóirdheontas ráta úis a iarraidh gach bliain chun costais úis a bhaineann leis na hiasachtaí arna ndeonú faoin tSaoráid don Úcráin a chumhdach.

2.4 Forbhreathnú ar dhliteanais theagmhasacha ag deireadh 2024

Ag deireadh 2024, bhí buiséad an Aontais neamhchosanta ar dhliteanais theagmhasacha ar mhéid iomlán EUR 410 mbilliún, ar féidir é a mhiondealú mar seo a leanas: i) baineann os cionn **EUR 300 billiún** le hiasachtaí a deonaíodh do Bhallstáit agus do thíortha nach Ballstáit den Aontas iad; agus ii) **EUR 110 mbilliún** a bhaineann le ráthaíochtaí arna soláthar trí CEIS, InvestEU, SIS, CEFI, CEFI+, agus CIU. Eascraíonn an tsraith neamhchosaintí is mó do bhuiséad an Aontais as cláir iasachta do na Ballstáit.


Fíor 1: Miondealú ar dhliteanais theagmhasacha de réir foinse (amhail an 31 Nollaig 2024)



(*) Ar bhonn mhéid iomlán 'Méid uasta na ráthaíochta atá ar fáil arna síniú le comhpháirtithe cur chun feidhme' (féach Tábla 1).

Is féidir an tábhacht mhéadaitheach a bhaineann le ráthaíochtaí buiséadacha agus le cláir cúnaimh airgeadais chun beartais an Aontais a chur chun feidhme a fheiceáil sa treocht in airde leanúnach sa tréimhse 2021-2024. An méadú a taifeadadh in 2024 (+ 13 % i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin), tá sé i gcomhréir leis an méadú a cláraíodh idir deireadh na bliana 2022 agus deireadh na bliana 2023, + 16 %). Tá sé sin i gcomparáid leis an méadú suntasach 40 % a chonacthas idir deireadh na bliana 2021 agus deireadh na bliana 2022, ag tosú ó bhonn níos ísle.

Fíor 2: Miondealú ar dhliteanais theagmhasacha gan íoc de réir foinse sa tréimhse 2021-2024 (billiún EUR)



Is iad na heisíocaíochtaí iasachta breise faoi STA agus an cúnamh airgeadais don Úcráin is cúis leis an gcuid is mó de mhéadú 2024. D'fhan dliteanais theagmhasacha a eascraíonn as na cláir ráthaíochta buiséadaí cobhsaí den chuid is mó in 2024. Rinneadh an méadú ar dhliteanais a eascraíonn as na cláir ráthaíochta buiséadaí mar gheall ar thús na céime cur chun feidhme do InvestEU, CEFI+ agus CIU a chúiteamh go hiomlán, nach mór, leis an laghdú ar neamhchosaintí SIS, CEIS agus CEFI mar gheall ar neamhchosaintí atá ag teacht in aibíocht nó a cuireadh ar ceal.

Tháinig méadú breise ar dhliteanais theagmhasacha an Aontais in 2025 i ndáil leis an méid seo a leanas:

(i) tacaíocht bhreise do thíortha nach Ballstáit den Aontas iad (go háirithe tacaíocht don Úcráin faoin tSaoráid don Úcráin agus iasacht MFA 'lena nGéaraítear an tIoncam Urghnách' (GIU) don Úcráin'[43]);

(ii) eisíocaíochtaí breise iasachtaí STA leis na Ballstáit;

(iii) tuilleadh dul chun cinn i gcur chun feidhme na gclár ráthaíochta buiséadaí (InvestEU, CEFI+ agus CIU); agus

(iv) na cláir MFA don Éigipt[44] agus don Iordáin[45] a formheasadh le déanaí a chur chun feidhme, mar aon le Creat Infheistíochta na mBalcán Thiar (CIBT)[46] agus an tSaoráid don Mholdóiv[47] a chur chun feidhme.

43 Rialachán (AE) 2024/2773 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2024 lena mbunaítear an Sásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin agus lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais eisceachtúil don Úcráin.

44 Cinneadh (AE) 2025/1267 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2025 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais do Phoblacht Arabach na hÉigipte.

45 Cinneadh (AE) 2025/793 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Aibreán 2025 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais do Ríocht Haisimíteach na hIordáine.

46 Rialachán (AE) 2024/1449 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le Saoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar a bhunú.

47 Rialachán (AE) 2025/535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Márta 2025 lena mbunaítear an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh Phoblacht na Moldóive.

Cuirfear tús le heisíocaíocht na n-iasachtaí leis na Ballstáit faoin gclár um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE) go luath in 2026[48].

3. Measúnú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht dhliteanais theagmhasacha an Aontais

3.1 Creat measúnaithe

Gan dochar don mheasúnú ar sholáthar dliteanas airgeadais áirithe thar a saolré iomlán a bhfuil gá leis nuair a thabhaítear dliteanais, déantar foráil in Airteagal 213(3) den Rialachán Airgeadais go measfar, i gcás '*dliteanais theagmhasacha a eascraíonn ó na ráthaíochtaí buiséadacha nó cúnamh airgeadais arna n-íoc ón mbuiséad, go bhfuil siad inbhuanaithe má tá an t-athrú ilbhliantúil atá tuartha dóibh comhoiriúnach leis na teorainneacha arna socrú leis an rialachán lena leagtar síos CAI dá bhforáiltear in Airteagal 312(2) CFAE agus le huasteorainn na leithreasuithe bliantúla faoi chomhair íocaíochta a leagtar amach in Airteagal 3(1) de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053.*' (i.e. uasteorainneacha CAI agus uasteorainn na n-acmhainní dílse).

Ciallaíonn sé sin gur cheart go mbeadh na hacmhainní a bhfuil an tAontas in ann tarraingt orthu in aon bhliain amháin faoi CAI agus uasteorainn na n-acmhainní dílse leordhóthanach chun an caiteachas a thagann chun cinn faoi CAI a mhaoiniú, chomh maith le haon dliteanais theagmhasacha a thiocfaidh chun cinn.

Go sonrach, ní mór íocaíochtaí a bhaineann le **dliteanais theagmhasacha arna soláthar** le haghaidh ráthaíochtaí buiséadacha agus cúnamh airgeadais do thíortha nach Ballstáit den Aontas iad a mhaoiniú ó na soláthairtí atá leagtha síos agus aon íocaíochtaí soláthair breise a bheartaítear faoi CAI. Cuirtear i láthair i Roinn 3.2 den tuarascáil seo an measúnú ar leordhóthanacht na soláthairtí atá ar fáil chun na híocaíochtaí a bhfuil agus nach bhfuil coinne leo agus a eascraíonn ó ráthaíochtaí buiséadacha agus ó chúnamh airgeadais do thíortha nach de chuid an Aontais iad a chomhlíonadh maidir leis na dliteanais faoi mar a bhí siad ag deireadh 2024.

Íocaíochtaí a bhaineann le dliteanais theagmhasacha a thagann chun cinn mar thoradh ar **chúnamh airgeadais lamháil-bhunaithe** do na Ballstáit agus don Úcráin, is féidir iad a mhaoiniú trí acmhainní dílse breise a iarraidh suas go dtí an uasteorainn a leagtar síos le CAD mar rogha dheiridh tar éis modhanna eile chun na híocaíochtaí sin a chumhdach nó trí na dliteanais ghaolmhara a athsceidealú. An lamháil (difríocht idir uasteorainn na n-acmhainní dílse agus na hacmhainní dílse is gá chun caiteachas buiséadach an Aontais a mhaoiniú) atá in acmhainneacht airgeadais an Aontais chun eis-sreafaí breise a chumhdach a bhaineann le teacht chun cinn na dliteanais theagmhasacha a eascraíonn as cúnamh airgeadais lamháil-bhunaithe[49]. Torthaí an mheasúnaithe ar inbhuanaitheacht na ndliteanas teagmhasach lamháil-bhunaithe a bhí ann ag deireadh 2024, cuirtear i láthair iad i Roinn 3.3 thíos. Le CAD 2020, méadaítear uasteorainn na n-acmhainní dílse go sealadach (suas le 0.6 % breise de OIN go dtí 2058) chun freastal ar na dliteanais a thabhaítear le linn chur chun feidhme NGEU, lena n-áirítear dliteanais theagmhasacha lamháil-bhunaithe a eascraíonn as iasachtaí STA do na Ballstáit.

3.2 Measúnú ar inbhuanaitheacht na ndliteanas teagmhasach arna soláthar

a) Soláthar a bhí le fáil ag deireadh 2024

Déantar soláthar i mbuiséad an Aontais i leith dliteanais theagmhasacha a eascraíonn as ráthaíochtaí buiséadacha agus as cúnamh airgeadais do thíortha nach de chuid an Aontais iad bunaithe ar mheasúnú coimeádacha ar na caillteanais ionchasacha saoil i leith gach ionstraime

48 Rialachán (AE) 2025/1106 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2025 lena mbunaítear an Ionstraim um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE) trí Atreisiú an Tionscail Cosanta Eorpaigh.

49 Tugtar tuairisc mhionsonraithe ar an gcreat measúnaithe don tsraith seo de dhliteanais theagmhasacha in eagrán 2021 den tuarascáil seo i.e. COM(2021) 676 final an 5.11.2021.

móide maolán sábháilteachta breise (chun freastal ar chaillteanais nach bhfuil coinne leo). Coinnítear na soláthairtí lena gcosnaítear buiséad an Aontais in aghaidh caillteanais a d'fhéadfadh a eascairt as ráthaíochtaí buiséadacha agus cúnamh airgeadais do thíortha nach Ballstáit den Aontas iad i CSC.

Amhail an 31 Nollaig 2024, ba EUR 23.2 billiún margadhluach na nglansócmhainní CSC, méadú ó EUR 18.8 billiún ag deireadh 2023[50]. Le haghaidh na mblianta atá fágtha de CAI seo, cuirfidh an Coimisiún soláthairtí breise leis an gciste don soláthar coiteann (go háirithe soláthairtí a bhaineann le InvestEU, le CEFI+ agus leis an Ráthaíocht don Úcráin), as a dtiocfaidh méaduithe breise ar mhéid CSC.

De réir na dTreoirlínte maidir le Bainistíocht Sócmhainní, coinníonn an ciste don soláthar coiteann punann éagsúlaithe leachtach ar bun, lena n-infheistítear go príomha in ionstraimí fiachais ardrátála, amhail bannaí arna n-eisiúint ag rialtais, fornáisiúnaigh, gníomhaireachtaí stáit agus corparáidí agus é d'aidhm aige caomhnú caipitil a sholáthar thar a thréimhse infheistíochta ionchasach. Bhí éagsúlacht mhaith ag baint le punann an chiste don soláthar coiteann ag deireadh na bliana ar fud na n-aicmí sócmhainne éagsúla sa chruinne ioncaim sheasta incháilithe, lena n-áirítear roinnt neamhchosaint theoranta ar urrúis nach sloinntear in euro cistí arna thrádáil ar an malartán (ETFanna) agus airgead tirim nó coibhéisí airgid thirim.

In 2024, bhain CSC toradh bliantúil + 3,57 % amach, a sháraigh a thagarmharc punainne (+ 3,31 %)[51].

Cé go mbainistítear CSC i gcomhréir le beartas infheistíochta aonair agus trí úsáid a bhaint as bonneagar coiteann, tá na soláthairtí curtha in áirithe mar sholáthairtí a bhaineann leis an gclár (nó leis an mBallstát) arb é foinse an tsoláthair bhuiséadaigh é.

An 31 Nollaig 2024, bhí 18 urrann sa chiste don soláthar coiteann (bhí 15 díobh lánoibríochtúil agus bhí cistí iontu), lena n-áirítear na hurranna le haghaidh na gclár ráthaíochta leanúnach uile, urrann an Chiste Ráthaíochta do Ghníomhaíochtaí Seachtracha (CRGS) (lena gcumhdaítear iasachtaí oidhreachta Sainordaithe Iasachtaithe Sheachtraigh BEI, Euratom agus iasachtaí cúnaimh macrairgeadais) agus na hurranna le haghaidh iasachtaí cúnaimh macrairgeadais agus Euratom tar éis 2020. As na 18 n-urrann, bhain 11 díobh le neamhchosaintí an Aontais agus bhí 7 gcinn díobh ina n-urranna Ballstáit faoi InvestEU inar leis na Ballstáit is ranníocóirí na soláthairtí agus inarb iad amháin atá freagrach as na dliteanais theagmhasacha ghaolmhara.

Déantar na forálacha maidir le hiasachtaí MFA agus Euratom a leathadh thar roinnt urrann éagsúil CSC:

- tá na neamhchosaintí oidhreachta (EUR 7.3 billiún d'iasachtaí MFA agus EUR 300 milliún d'iasachtaí Euratom) ina chuid d'urrann CGRS;
- tá iasachtaí MFA nua (EUR 2.7 billiún) a gealladh tar éis 2020, lena n-áirítear iasacht MFA éigeandála 2022 1.2 billiún don Úcráin, in urrann MFA tar éis 2020;
- tá iasachtaí eisceachtúla cúnaimh macrairgeadais don Úcráin de EUR 6 bhilliún (Cúnamh Macrairgeadais I agus Cúnamh Macrairgeadais II eisceachtúil) in urrann ar leith ós rud é go dtairbhíonn na hiasachtaí sin de chumhdach forlíontach rioscaí (i.e. le haghaidh an phacáiste iasachtaí eisceachtúla cúnaimh macrairgeadais seo don Úcráin, tá gá le ráta cumhdaigh 70 %: 9 % de sholáthar íoctha ó bhuiséad an Aontais agus 61 % de ráthaíochtaí inghlaoite ó na Ballstáit).

50 In 2024, fuair CSC EUR 3.6 billiún de ranníocaíochtaí glana ó bhuiséad an Aontais nó arna ranníoc ag na Ballstáit rannpháirteacha agus ag tíortha i Limistéar Saorthrádála na hEorpa (CSTE).

51 Chun faisnéis bhreise a fháil féach an Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an gCiste don Soláthar Coiteann in 2024.

Tábla 6: Urranna CSC (amhail an 31 Nollaig 2024)

Urrann	Margadhluach in EUR
Urranna a osclaíodh in 2021	
CEIS	8 880 303 796
CGRS[52]	3 225 691 236
CEFI	761 545 053
InvestEU[53]	5 530 142 834
Urranna a osclaíodh in 2022	
CEFI+	2 942 175 755
MFA tar éis 2020	128 662 218
MFA eisceachtúil don Úcráin ([54])	240 575 443
Iasachtaí Euratom tar éis 2020	-
Iasachtaí Sainordaithe Iasachtaithe Sheachtraigh BEI ar athraíodh a gcuspóir - An Úcráin	-
Ráthaíocht InvestEU - An Rómáin	187 974 119
Ráthaíocht InvestEU - An tSeicia	44 099 187
Ráthaíocht InvestEU - An Fhionlainn	30 657 774
Ráthaíocht InvestEU - An Ghréig	252 204 112
Oibríochtaí Measctha InvestEU	667 045 123
Urranna a osclaíodh in 2023	
Ráthaíocht InvestEU - An Bhulgáir	79 674 706
Ráthaíocht InvestEU - Málta	7 939 418
Urranna a osclaíodh in 2024	
Ráthaíocht don Úcráin	201 878 310
Ráthaíocht InvestEU - An Spáinn	-
IOMLÁN	**23 180 569 085**

b) Measúnú ar inbhuanaitheacht ráthaíochtaí buiséadacha

Mar a mhínítear i Roinn 2.1, bíonn éagsúlacht mhór idir ráthaíochtaí buiséadacha an Aontais i dtéarmaí chuspóirí beartais, struchtúir roinnte riosca agus phróifíl riosca na n-oibríochtaí foluiteacha. D'fhéadfadh ráta soláthair éagsúil a bheith mar thoradh air sin le haghaidh cláir éagsúla, bunaithe ar shaolré an luacha faoi riosca (LfR)[55] lena n-áirithítear cumhdach iomchuí ar

52 Ciste Ráthaíochta do ghníomhaíochtaí seachtracha (CRGS), ina bhfuil na soláthairtí don Sainordú lasachtaithe Sheachtraigh (SIS), cláir leagáide MFA agus Euratom.

53 Urrann de chuid an Aontais.

54 Faoi Chinneadh (AE) 2022/12018 agus Cinneadh (AE) 2022/1628 lena gcuirtear cúnamh macrairgeadais eisceachtúil ar fáil don Úcráin.

55 Is féidir LfR a shainmhíniú mar leibhéal caillteanais punainne nach rachfar thar leibhéal muiníne áirithe, ó thaobh staidrimh de, thar thréimhse ama áirithe. Is iad 95 % agus 90 %, faoi seach, na leibhéil muiníne le haghaidh cláir

chaillteanais fhéideartha ar leibhéal muiníne áirithe (réamhshainithe). Deimhnítear leis an anailís a rinneadh mar chuid den tuarascáil is déanaí ar Airteagal 41(5) den Rialachán Airgeadais go bhfuil na méideanna soláthair atá ar fáil le haghaidh urranna ábhartha CSC i gcomhréir le ceanglais na rialachán faoi seach. I gcás chláir CEIS agus CEFI, sainaithníodh soláthar barrachais.

Is féidir teacht ar na conclúidí seo a leanas ó na sonraí atá ar fáil maidir le glanchaillteanais saolré an 31 Nollaig 2024 i ndáil leis na ráthaíochtaí buiséadacha atá i bhfeidhm ar an dáta sin:

- Is ráthaíocht bhuiséadach é **CEIS** atá comhdhéanta go hiomlán dá raibh an tréimhse incháilithe le haghaidh sínithe caite ag deireadh 2022. Dá bhrí sin, ní mór don Choimisiún an measúnú ar bharrachas/athsholáthar a cheanglaítear faoi Airteagal 216(4) den Rialachán Airgeadais a dhéanamh. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid i mbliana go bhfuil spriocráta soláthair CEIS de 35 % fós iomchuí (i.e. moladh sa mheasúnú riosca bunaithe ar anailís ar an Luach faoi Riosca (LfR) le leibhéal muiníne 95 % ráta soláthair riachtanach de 34 % (suas ó 31 % an bhliain roimhe sin)). Sáraíonn an soláthar reatha atá á choinneáil in aghaidh neamhchosaintí CEIS (38.7 %) an spriocráta soláthair 35 %. Leagtar síos go dlíthiúil gur féidir an soláthar CEIS iomarcach sin de EUR 853 mhilliún a úsáid chun costas soláthair ráthaíocht AE faoi InvestEU a mhaoiniú agus déanfar an tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí a mhaoiniú leis an gcuid eile.
- Tá **CEFI** bunaithe go hiomlán freisin ó dheireadh 2024. Léiríonn anailís riosca go bhfuil an spriocráta soláthair 50 % fós iomchuí ag an bpointe seo. I gcomparáid leis an tagarmharc ábhartha[56], tá rósholáthar EUR 321.4 milliún ann, agus bunaithe ar an spriocráta soláthair is é EUR 405 mhilliún an barrachas.
- Tá ráta soláthair *de facto* 9,96 % ag CRGS, a bhfuil an soláthar aige d'iasachtaí MFA roimh 2021, d'iasacht Euratom, agus do SIS, faoi láthair (gan iasachtaí SIS ar athraíodh a gcuspóir don Úcráin a chur san áireamh), ráta a chuirtear i gcomparáid le spriocráta soláthair 9 % a leagtar síos i Rialachán CRGS. Maidir le hiasachtaí SIS ar athraíodh a gcuspóir don Úcráin, measann an Coimisiún go bhfuil ráta soláthair 70 % fós iomchuí.
- Tá **InvestEU**, **CEFI+** agus **CIU** fós sa chéim bhorrtha, rud a chiallaíonn nach bhfuil na punanna foluiteacha agus an soláthar foluiteach bunaithe go hiomlán fós. Dá bhrí sin, tá sé róluath teacht ar chonclúidí maidir le leordhóthanacht na rátaí soláthair le haghaidh na ráthaíochtaí sin.

c) Measúnú ar inbhuanaitheacht iasachtaí arna soláthar do thíortha nach Ballstáit den Aontas iad

Is éard atá i gcomhdhéanamh phunann iasachta MFA gan íoc do thíortha nach Ballstáit den Aontas iad iasachtaí do shraith éagsúlaithe de na tíortha seo a leanas: (i) tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha; (ii) tíortha agus críocha a chumhdaítear le Beartas Comharsanachta na hEorpa; agus (iii) tíortha eile nach Ballstáit den Aontas iad a bhfuil ról cinntitheach acu sa chobhsaíocht réigiúnach agus a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo don Aontas, agus a bhfuil na bunluachanna céanna acu agus atá ag an Aontas ó thaobh na polaitíochta agus na heacnamaíochta de chomh maith le bheith gar don Aontas ó thaobh na tíreolaíochta de.

Tacaíonn na breithnithe a leagtar amach sna trí phointe urchair thíos le hoiriúnacht leanúnach an spriocráta soláthair fhoriomláin 9 % le haghaidh iasachtaí cúnaimh macrairgeadais:

- Seasamh eacnamaíoch tairbhithe MFA, agus tosca á gcur san áireamh amhail OTI *per capita*, aibíocht choibhneasta an gheilleagair, gaireacht do gheilleagar an Aontais, etc;
- nasc díreach agus teagmhasacht na gclár cúnaimh macrairgeadais le clár eisíoca CAI atá ann cheana, agus dea-theist maidir lena chur chun feidhme, lenar cheart inmharthanacht airgeadais na tíre nach Ballstáit den Aontas iad a áirithiú agus, ar an gcaoi sin, cistí an Aontais a aisíoc faoi dheireadh;

inmheánacha (CEIS, InvestEU) agus cláir sheachtracha (CEFI, CEFI+) agus cuirtear san áireamh iontu tosca amhail na cuspóirí beartais éagsúla agus creataí gach ceann díobh.

56 Luach faoi Riosca le leibhéal muiníne 90 %.

- measúnú ar staid eacnamaíoch thairbhithe MFA agus ar na forbairtí maicreacnamaíocha a tharla le déanaí i dtíortha comhpháirtíochta.

Maidir le riosca leachtachta, ba cheart a mheabhrú freisin go bhfuil struchtúr reatha iasachtaí MFA, aibíochtaí agus aisíocaíochtaí ó thairbhithe scaipthe go maith thar CAInna reatha agus ina dhiaidh seo (mar a thuairiscítear i gcuntais bhliantúla chomhdhlúite an Aontais[57]), lena laghdaítear méid neamhchosaint bhuiséad an Aontais fiú i gcás moill ar aisíocaíocht nó mainneachtain aisíocaíochta. Ina theannta sin, feidhmíonn an leachtacht i CSC mar mhaolán, rud a áirithíonn go bhfuil leachtacht leordhóthanach ar fáil chun déileáil le haon suaitheadh airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ann.

Bosca 2: Dliteanais theagmhasacha an Aontais ag eascairt as tacaíocht airgeadais an Aontais chuig an Úcráin – Príomhfhorbairtí in 2024-2025

Ó rinne an Rúis ionradh ar an Úcráin in 2022, tá tacaíocht láidir pholaitiúil, eacnamaíoch, mhíleata, airgeadais agus dhaonnúil curtha ar fáil go seasta ag an Aontas don Úcráin. Cuirtear sraith iomlán na neamhchosaintí airgeadais díreacha agus indíreacha ar an Úcráin faoi na cláir atá ann cheana an 30 Meitheamh 2025 i láthair i dTábla 7 thíos.

Is í an **tSaoráid don Úcráin** an príomhbhealach chun tacaíocht airgeadais a chur ar fáil don Úcráin don tréimhse 2024-2027, saoráid ag a bhfuil acmhainneacht fhoriomlán suas le EUR 50 billiún le haghaidh 2024-2027[58].

In 2024, gheall an tAontas iasacht MFA bhreise EUR 18.1 billiún a sholáthar i gcomhthéacs **Thionscnamh G7 'Iasachtaí lena nGéaraítear an tIoncam Urghnách don Úcráin'**[59]. Aisíocfar an iasacht, atá le heisíoc go hiomlán i gcaitheamh 2025, le fáltais ó shócmhainní blocáilte Stáit na Rúise san Aontas tríd an **Sásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin ('SCIU')**[60] arna riar ag an gCoimisiún Eorpach. Cumhdóidh an t-ioncam ó na sócmhainní blocáilte costais ráta úis na n-iasachtaí sin freisin.

Soláthraítear iasachtaí ón tSaoráid don Úcráin (EUR 33 bhilliún le haghaidh 2024-2027) agus iasacht MFA lena nGéaraítear an tIoncam Urghnách (GIU) don Úcráin (EUR 18.1 billiún le haghaidh 2024-2027) le lamháltas ard, i bhfianaise an fhóirdheonaithe úis agus na tréimhse fada aisíocaíochta 35 bliana agus 45 bliana faoi seach, lena n-áirítear tréimhse chairde 10 mbliana. Laghdaíonn sé sin an t-ualach bliantúil ar airgeadas poiblí na hÚcráine agus, san am céanna, íoslaghdaíonn sé na rioscaí do bhuiséad an Aontais. Bhí iasachtaí dar luach iomlán EUR 16,2 billiún gan íoc faoin tSaoráid don Úcráin ag deireadh mhí an Mheithimh 2025 agus eisíocadh EUR 7 mbilliún sa chéad leath de 2025 faoi iasacht MFA GIU.

Leis an lamháil bhuiséadach (a phléitear sa chéad roinn eile), soláthraíodh cumhdach buiséadach le haghaidh dliteanais theagmhasacha a eascraíonn as iasachtaí don Úcráin ó 2023 ar aghaidh. Tá na hiasachtaí a deonaíodh don Úcráin ag deireadh 2022 (EUR 6 bhilliún

57 https://commission.europa.eu/publications/consolidated-annual-accounts-european-union-financial-year-2024_en

58 Féach Bosca 1 i dTuarascáil 2024 chun mionsonraí a fháil.

59 I mí an Mheithimh agus i mí Dheireadh Fómhair 2024, d'fhógair G7 comhaontú chun an tionscnamh *'Iasachtaí lena nGéaraítear an tIoncam Urghnách (GIU) don Úcráin' ('Tionscnamh Iasachtaí (GIU) don Úcráin'*) a sheoladh, lenar chomhaontaigh comhaltaí G7 iasachtaí suas le EUR 45 bhilliún (thart ar USD 50 billiún) a sholáthar don Úcráin in aghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha as an Sásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin ('SCIU'). Is éard atá sa chuid chistiúcháin den tionscnamh iasachtaí déthaobhacha aonair ó na Stáit Aontaithe, ón Ríocht Aontaithe, ó Cheanada agus ón tSeapáin agus saoráid iasachta eisceachtúil um chúnamh macrairgeadais arna soláthar ag an Aontas Eorpach. Ceapadh an Tionscnamh Iasachtaí GIU don Úcráin ionas gur féidir na hiasachtaí sin a aisíoc gan dul ar iontaoibh na hÚcráine, agus cistí chun na hiasachtaí a sheirbhísiú agus a aisíoc le díorthú ó SCIU. Déanfar SCIU, arna riar ag an gCoimisiún Eorpach, a chistiú ó ghlanbhrabúis urghnácha arna nginiúint ag taisclanna lárnacha urrús san Aontas Eorpach agus (b'fhéidir) i dtíortha G7 eile ó shócmhainní agus cúlchistí Bhanc Ceannais na Rúise a cuireadh bac gluaiseachta orthu sna córais imréitigh idirnáisiúnta go gairid tar éis don Rúis tús a chur lena cogadh foghach neamhdhleathach.

60 Rialachán (AE) 2024/2773 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2024 lena mbunaítear an Sásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin agus lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais eisceachtúil don Úcráin.

Cúnamh Macrairgeadais agus EUR 1,59 billiún d'iasachtaí ar athraíodh a gcuspóir faoi Shaoinordú Iasachtaithe Sheachtraigh BEI) faoi réir chumhdach buiséadach 70 %[61].

I gcomhréir le hAirteagal 13 de Chinneadh (AE) 2022/1628 maidir le Cúnamh Macrairgeadais, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar leordhóthanacht an ráta soláthair 70 % ag deireadh mhí an Mheithimh 2025 i gcomhthéacs na tuarascála ar Airteagal 41(5) den Rialachán Airgeadais. Tar éis an athbhreithnithe sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh aon eilimint nua leordhóthanach ann a bhí marthanach agus fiúntach don tréimhse faoi scrúdú a thabharfadh údar leis an ráta soláthair 70 % a athrú. Deimhnítear leis na forbairtí is déanaí, lena n-áirítear torthaí an ochtú athbhreithniú a rinne CAI ar an Socrú Méadaithe faoin gclár maidir leis an tSaoráid Fhadaithe Chistiúcháin (SFC) don Úcráin, go bhfuil an ráta soláthair 70 % le haghaidh neamhchosaintí iarchogaidh don tír fós iomchuí[62].

Tábla 7: Neamhchosaintí díreacha agus indíreacha gan íoc ar an Úcráin (caipiteal) faoi na cláir atá ann cheana (an 30 Meitheamh 2025) (milliún EUR)

Neamhchosaintí díreacha	Méid gan íoc	Cumhdach buiséadach
MFA oidhreachta	3 810	9 %
Iasachtaí oidhreachta Euratom	300	9 %
MFA éigeandála	1 200	9 %
MFA I + II eisceachtúil	6 000	9 % (+ 61 % ráthaíochtaí na mBallstát)
MFA+	18 000	Lamháil
Saoráid don Úcráin - Colún I	13 200	Lamháil
Iasacht MFA GIU	7 000	Lamháil
Iomlán	**49 510**	
Neamhchosaintí indíreacha		
Iasachtaí SIS arna n-eisíoc roimh mhí Feabhra 2022	1 708	9 %
An chéad phacáiste BEI faoi SIS	668	9 %
An dara pacáiste BEI faoi SIS	1 338	70 %
CEFI+ IW1	103	70 %
Ráthaíocht don Úcráin	1 489	70 %
Iomlán	**5 306**	

3.3 Measúnú ar inbhuanaitheacht na ndliteanas teagmhasach lamháil-bhunaithe

Déantar measúnú ar acmhainneacht bhuiséad an Aontais freastal ar chás ina dtagann an neamhchosaint maidir le dliteanais theagmhasacha lamháil-bhunaithe chun cinn tríd an gcreat a chur i bhfeidhm dá dtagraítear i mír 3.1 thuas.

61 Maidir le hiasachtaí SIS ar athraíodh a gcuspóir, is i bhfoirm soláthar íoctha arna chistiú ag buiséad an Aontais a bheidh an cumhdach. Baintear an éifeacht chéanna amach maidir le MFA eisceachtúil tríd an ráta soláthair atá íoctha isteach a fhorlíonadh ag leibhéal 9 % le ráthaíochtaí ó na Ballstáit chun an dara píosa suas le 61 % de na neamhchosaintí ar iasachtaí a chumhdach.

62 Féach https://www.imf.org/en/Publications/CR/Issues/2025/06/30/Ukraine-Eighth-Review-Under-the-Extended-Arrangement-Under-the-Extended-Fund-Facility-568152

Maidir le dliteanais a chumhdaítear le huasteorainn bhuan na n-acmhainní dílse, cuirtear san áireamh sa mheasúnú bliantúil na neamhchosaintí gan íoc amhail ón 31 Nollaig 2024. Mar a mhínítear i mBosca 1, áirítear leis sin dliteanais theagmhasacha a bhaineann le staid reatha iasachtaíochta agus iasachtaithe faoi na nithe seo a leanas: EFSM; an tSaoráid faoi chomhair Chomhardú na nÍocaíochtaí; Clár SURE; MFA+ don Úcráin; agus an tSaoráid don Úcráin. Déanfar measúnú i measúnuithe bliantúla amach anseo ar na dliteanais theagmhasacha is déanaí amhail na dliteanais sin a eascraíonn as iasacht MFA GIU agus as Saoráid SAFE[63].

Maidir le dliteanais NGEU, i CAI 2021-2027, méadaíodh uasteorainn na n-acmhainní dílse 0.6 % de OTI an Aontais go heisiach chun na heisiúintí sin a ráthú. Áirithítear leis sin go bhfuil sé d'acmhainn ag an Aontas ús agus príomhshuim a aisíoc ar fhiachas arna eisiúint chun tacaíocht neamh-inaisíoctha NGEU (deontais STA) agus tacaíocht neamh-inaisíoctha (iasachtaí STA) le Ballstáit. Ós rud é go n-áirítear costais úis agus aisíocaíocht deontas i gclársceidealú buiséadach bliantúil amach anseo, is iad iasachtaí STA amháin atá ina ndliteanais theagmhasacha don bhuiséad. Ina theannta sin, chun cur chuige coimeádach a chur i bhfeidhm, breithnítear bannaí atá ag teacht in aibíocht agus a bhfuil sé beartaithe iad a thar-rolladh sna tástálacha struis freisin.

Is é an chéad chéim cás lárnach (bunlíne) a tharraingt suas a chomhfhreagraíonn don éabhlóid a bhfuil coinne léi ar chaiteachas agus ar acmhainneacht airgeadais an Aontais sna blianta amach romhainn. Chuige sin, glactar an dréachtbhuiséad foilsithe le haghaidh 2026[64] mar bhonn leis an tuarascáil seo agus leis an réamhaisnéis fhadtéarmach maidir le hinsreafaí agus eis-sreafaí bhuiséad an Aontais[65] amach anseo, lena dtuartar an t-ioncam agus an caiteachas a eascraíonn as CAI 2021-2027, NextGenerationEU agus an chéad CAI agus CAD eile de réir an togra ón gCoimisiún.

Sa chás lárnach sin, socraítear uasteorainn bhuan na n-acmhainní dílse mar 1,4 % de OIN an Aontais in 2026 agus 2027, agus 1,75 % de OIN an Aontais ó 2028 ar aghaidh[66]. I gcás NextGenerationEU, glactar leis sa chás lárnach go ndéanfar aisíocaíocht ag tosú in 2028 le méid bliantúil seasta EUR 24 bhilliún, i gcomhréir leis an togra ón gCoimisiún maidir le CAI.

Leis an gcás sin, tugtar réamh-mheastachán maidir le lamháil bhunlíne ar ina aghaidh a dhéantar measúnú ar inbhuanaitheacht na ndliteanas teagmhasach arna dtabhú an 31 Nollaig 2024 de réir Airteagal 256 den Rialachán Airgeadais. Cumhdófar na hoibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe is déanaí i dtuairisciú bliantúil amach anseo.

Faoin gcás bunlíne sin, agus gan bliain bhuiséid 2025 atá ann faoi láthair a áireamh, is é **EUR 128.5 billiún** in aghaidh na bliana ar an meán an lamháil atá ar fáil chun dliteanais theagmhasacha atá ann cheana agus dliteanais theagmhasacha nua a chumhdach in 2026-2034 i ndáil leis an gcorrlach faoi uasteorainn bhuan na n-acmhainní dílse agus thart ar **EUR 111.4 billiún** in aghaidh na bliana don uasteorainn shealadach 0.6 % de OIN an Aontais. Dá bhrí sin, glactar leis sa chás bunlíne sin nach dtiocfaidh aon dliteanas teagmhasach chun cinn.

Le tástálacha struis breise, déantar measúnú ar inbhuanaitheacht na ndliteanas teagmhasach atá ann cheana faoi dhianchásanna in 2026-2034. Leis an gcur chuige cistiúcháin aontaithe, tuairiscítear na dliteanais theagmhasacha a bhaineann le hiasachtaíocht faoi chláir éagsúla ar bhealach comhtháite, gan beann ar cé acu a bhaineann nó nach mbaineann siad le riosca caiteachais (tar-rolladh bannaí beartaithe le haghaidh dheontais NGEU) nó le riosca ioncaim (tar-rolladh bannaí beartaithe le haghaidh iasachtaí do na Ballstáit faoi NGEU nó don Úcráin faoi MFA+ agus faoin tSaoráid don Úcráin). Ar an gcúis sin, déantar an tástáil struis ar ioncam agus ar chaiteachas a chomhcheangal i dtástáil choiteann, i gcomparáid le heagráin roimhe seo den

63 Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leagtar síos an Creat Airgeadais Ilbhliantúil le haghaidh na mblianta 2028 go 2034 (COM(2025)571 final); Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 (COM(2025)574 final).

64 Lena n-áirítear Litir Leasaitheach 1/2026 (COM(2025)851).

65 COM(2025) 573 final.

66 Áirítear freisin sa togra ón gCoimisiún le haghaidh an chinnidh maidir le hacmhainní dílse a bheidh ann amach anseo an fhéidearthacht méadú sealadach 0,25 % breise a dhéanamh ar uasteorainn na n-acmhainní dílse de OIN an Aontais má ghníomhachtaítear an 'sásra géarchéime'. Mar sin féin, mura ngníomhachtófar an sásra le linn an chéad CAI eile agus go dtí go ngníomhachtófar é, ní bheidh tionchar ag an bhforáil seo ar an measúnú a chuirtear i láthair anseo.

tuarascáil. Tá trí chineál tástála struis sa tástáil struis, agus tá gach ceann acu leagtha amach sna míreanna thíos.

1) **Tástáil struis ar an ngeilleagar.** Sa chás lárnach, leanann OIN an Aontais na réamh-mheastacháin maidir le fíorfhás agus boilsciú a leagtar amach i Réamhaisnéis Eacnamaíochta an Earraigh 2025 ón gCoimisiún Eorpach[67]. Maidir leis an tástáil struis, tá na rátaí fáis ainmniúla réamh-mheasta aon phointe céatadáin amháin níos ísle ná an bhunlíne do gach bliain den tréimhse thuairiscithe[68].

   Laghdaíonn sé sin luach ainmniúil uasteorainn na n-acmhainní dílse agus dá bhrí sin, laghdaíonn sé an lamháil atá ar fáil faoi **EUR 18.6 billiún** ar an meán in aghaidh na bliana le haghaidh méideanna 'neamhbhuiséadaithe' (lamháil) faoi uasteorainn bhuan na n-acmhainní dílse agus faoi **EUR 6.5 billiún** faoin uasteorainn shealadach le haghaidh NGEU i gcaitheamh na tréimhse 2026-2034.

2) **Tástáil struis ar thaobh an chaiteachais agus an ioncaim den bhuiséid.** Faoin gcás seo, réamh-mheastar caiteachas CAI ag a uasmhéid teoiriciúil (i.e. uasteorainneacha féideartha d'íocaíochtaí CAI agus d'ionstraimí speisialta aonair uile, lena n-áirítear an Cúlchiste don Úcráin). Tá sé tábhachtach an méid seo a leanas a chur i dtábhacht: (i) nach léiríonn sé sin réamhaisnéis ón mbun aníos agus nach mbaineann sé le haon ionchas atá ann faoi láthair maidir le forbairt íocaíochtaí an Aontais; agus (ii) maidir leis an taobh caiteachais den bhuiséad, is gá togra ón gCoimisiún agus formheas ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle mar údarás buiséadach a bheith le haon chinneadh an caiteachas a mhéadú (laistigh d'uasteorainneacha CAI).

   Maidir le costais mhaoiniúcháin NGEU, glactar leis sa chás sin gurb é atá sa róchaiteachas i gcomparáid leis an nuashonrú teicniúil ar an gclárú airgeadais in 2027 go gcumhdófar 50 % den róchaiteachas le hinfhaighteachtaí buiséadacha eile agus go gcumhdófar 50 % eile le hionstraim EURI.

   Déanann an dianchás sin measúnú freisin ar cé acu a bheadh nó nach mbeadh an lamháil atá ar fáil leordhóthanach dá mbeadh gach dliteanas teagmhasach lamháil-bhunaithe le cur i gcrích san am céanna. I dtéarmaí praiticiúla, chiallódh sé sin go dteipfeadh ar na tíortha uile a thairbhíonn de chláir cúnaimh airgeadais (Ballstáit den chuid is mó) a n-aisíocaíochtaí a chomhlíonadh ag an am céanna nuair a bheidís dlite. I gcás cláir a mhaoinítear leis an gcur chuige cistiúcháin aontaithe (NGEU agus cláir ábhartha CAI araon), is é an toimhde sa tástáil struis seo go ndéantar na costais úis uile a íoc ón mbuiséad na agus go n-aisíocfar gach eisiúint a thiocfaidh in aibíocht i mbliain ar leith. Dá bhrí sin, ní dhéantar breithniú ar tharrolladh fiachais phleanáilte sa chás hipitéiseach sin.

   Tabhair faoi deara gur cás thar a bheith neamhdhóchúil é seo nach gcuireann na bearta uile is féidir leis an gCoimisiún a ghlacadh san áireamh chun a leithéid de chás a sheachaint (e.g. athsceidealú fiach agus bainistiú gníomhach airgid).

   Léirítear sa tástáil struis seo go bhfuil an lamháil leordhóthanach sa chás ina sroicheann caiteachas an t-uasmhéid teoiriciúil, agus ina ndéanann na tairbhithe uile mainneachtain ar a n-iasacht. Bheadh an lamháil a d'eascródh as an uasteorainn bhuan acmhainní dílse **EUR 101.7 billiún** ar an meán i gcaitheamh na tréimhse 2026-2034, i.e. **EUR 26.7** billiún níos ísle ná an bhunlíne.

67 An Coimisiún Eorpach, Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa, Earrach 2025. Páipéar Institiúideach 318, Bealtaine 2025. *Spring 2025 Economic Forecast* [Réamhaisnéis Eacnamaíochta an Earraigh 2025:] *Fás measartha le linn éiginnteacht eacnamaíoch dhomhanda - An Coimisiún Eorpach* [Fás measartha le linn éiginnteacht eacnamaíoch dhomhanda - An Coimisiún Eorpach].


68 Tá sé sin cosúil leis an tástáil struis a dhéantar ar 'chás r-g díobhálach' a rinneadh i Monatóir um Inbhuanaitheacht Fiachais an Choimisiúin: 2024.*European Economy Institutional Paper 306* [Páipéar Institiúideach maidir le Geilleagar na hEorpa 306], Márta 2025.

Laghdófaí an lamháil faoi uasteorainn shealadach na n-acmhainní dílse de 0.6 % de OIN an Aontais a ráthaíonn eisiúintí NGEU **EUR 43.0 billiún** in aghaidh na bliana ar an meán, chuig leibhéal **EUR 68.4 billiún ar an meán** i gcaitheamh na tréimhse 2026-2034.


3) **Comhthástáil struis ar dhálaí eacnamaíocha, ar ioncam agus ar chaiteachas.** Is dianchás é seo ina gcomhcheanglaítear na cásanna neamhfhabhracha a dtugtar tuairisc orthu sa dá thástáil thuas. Laghdódh sé an lamháil faoin uasteorainn bhuan chuig **EUR 83,1 billiún** ar an meán i gcaitheamh na tréimhse 2026-2034 agus laghdófaí an lamháil don uasteorainn shealadach chuig **EUR 62,0 billiún**. Is cosúil go bhfuil na méideanna sin ina maolán mór sábháilteachta le haghaidh acmhainneacht airgeadais an Aontais chun a dhliteanais a chumhdach (a eascraíonn as oibríochtaí neamh-NGEU agus NGEU araon).

Tá na torthaí mionsonraithe do na cásanna bunlíne agus tástála struis le fáil san iarscríbhinn agus déantar achoimre i bhFíoracha 3 agus 4 thíos.

Fíor 3: Uasteorainn na n-acmhainní dílse agus riachtanais acmhainní dílse faoi bhunlíne agus faoi thástálacha íogaireachta comhcheangailte maidir leis an uasteorainn shealadach.



Fíor 4: Uasteorainn na n-acmhainní dílse agus riachtanais acmhainní dílse faoi bhunlíne agus faoi thástálacha íogaireachta comhcheangailte maidir leis an uasteorainn shealadach NGEU.



4. Conclúidí

Ag deireadh 2024, thacaigh buiséad an Aontais le EUR 410 mbilliún i ndliteanais theagmhasacha, roinnte idir **EUR 300 billiún** i ndliteanais theagmhasacha a eascraíonn as iasachtaí a deonaíodh do na Ballstáit agus do thíortha nach Ballstáit den Aontas iad. As a measc, baineann EUR 252 bhilliún le hiasachtaí do Bhallstáit agus EUR 48 mbilliún le haghaidh iasachtaí do Stáit nach Ballstáit iad. Ina theannta sin, eascraíonn **EUR 110 mbilliún** breise i ndliteanais theagmhasacha as ráthaíochtaí infheistíochta arna soláthar faoi chláir SIS, CEIS, CEFI, InvestEU, CEFI+ agus CIU.

Agus na coimircí iomadúla dá bhforáiltear i gcreat an Aontais chun faireachán agus bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le dliteanais theagmhasacha a bhfuil soláthar déanta ina leith agus dliteanais theagmhasacha lamháil-bhunaithe agus an measúnú inbhuanaitheachta a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo á gcur san áireamh, is féidir teacht ar thrí phríomhchoclúid. Leagtar amach na conclúidí sin sna trí phointe urchair thíos.

- Déantar rioscaí a eascraíonn as ionstraimí a bhfuil soláthar déanta ina leith (i.e. ráthaíochtaí buiséadacha agus cúnamh airgeadais do thíortha nach Ballstáit den Aontas iad) a bhainistiú go cúramach agus a sholáthar go leordhóthanach. Cuirtear an méid seo a leanas san áireamh sa mheasúnú sin: (i) sonraí maidir le mainneachtain agus caillteanais a raibh coinne leo roimhe seo; (ii) na bearta atá i bhfeidhm chun a áirithiú nach sáraíonn caillteanais leibhéil lamháltais réamhshainithe; agus (iii) na forálacha buiséadacha atá ar fáil chun íocaíochtaí féideartha a chumhdach.
- Is leor den chuid is mó acmhainneacht airgeadais an Aontais faoin gcreat dlíthiúil atá ann cheana agus atá beartaithe (i.e. CAD agus Rialachán CAI atá ann cheana agus Rialachán CAI agus CAD atá beartaithe ó 2028 ar aghaidh) chun freastal ar theacht chun cinn caillteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn i leith iasachtaí lamháil-bhunaithe idir seo agus deireadh 2034.
- Tá lear acmhainní ag an lamháil chun stóinseacht chóras airgeadais an Aontais agus a acmhainneacht creidmheasa a áirithiú fiú faoi chás an-diúltach ina measctar drochthionchair i ndáil leis na coinníollacha eacnamaíocha, le hioncam agus le caiteachas. I gcás díobhálach den sórt sin, bheadh an lamháil atá fágtha faoi uasteorainn bhuan na n-acmhainní dílse cothrom le **EUR 83.1 billiún** ar an meán in aghaidh na bliana i gcaitheamh na tréimhse 2026-2034 agus **EUR 62.0 billiún** ar an meán in aghaidh na

bliana faoi uasteorainn shealadach NGEU de 0.6 % de OIN an Aontais i gcaitheamh na tréimhse chéanna. Léirítear leis na méideanna sin maolán sábháilteachta in aghaidh suaití eacnamaíocha diúltacha breise, riachtanais fhéideartha nua agus dliteanais theagmhasacha sa todhchaí maidir le hoibríochtaí neamh-NGEU agus NGEU araon. Tá an toradh sin bunaithe ar mhéadú ar uasteorainn na n-acmhainní dílse go 1,75 %, mar a mhol an Coimisiún i gcomhthéacs a phacáiste CAI 2028-2034, agus cuireann sé i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé an méadú sin a dhéanamh.

5. Iarscríbhinní:

Inbhuanaitheacht agus lamháil i dtaca le huasteorainn bhuan na n-acmhainní dílse (in EUR billiún, praghsanna reatha)

		2026	2027	2028	2029	2030	2031	2032	2033	2034
Bunlíne										
Uasteorainn acmhainní dílse (% OIN)		1,40	1,40	1,75	1,75	1,75	1,75	1,75	1,75	1,75
Uasteorainn acmhainní dílse (EUR bn)	a	269.6	278.7	359.7	371.5	383.1	394.8	406.8	419.0	431.5
Acmhainní dílse chun an buiséad a mhaoiniú (gan NGEU a áireamh)	b	178.8	188.2	243.0	273.8	270.2	265.9	250.5	247.8	240.4
Lamháil faoi uasteorainn bhuan	a-b	90.8	90.5	116.7	97.7	112.9	128.9	156.3	171.2	191.2
Tástálacha struis										
1) Tástáil struis ar an ngeilleagar										
Uasteorainn acmhainní dílse	a	267.0	273.3	349.4	357.3	364.9	372.5	380.0	387.6	395.3
Acmhainní dílse chun an buiséad a mhaoiniú (gan NGEU a áireamh)	b	178.8	188.2	243.0	273.8	270.2	265.9	250.5	247.8	240.4
Lamháil	a-b	88.2	85.1	106.4	83.6	94.7	106.5	129.5	139.8	154.9
2) Tástáil struis ar chaiteachas agus ar ioncam										
Uasteorainn acmhainní dílse	a	269.6	278.7	359.7	371.5	383.1	394.8	406.8	419.0	431.5
Acmhainní dílse chun an buiséad a mhaoiniú (gan NGEU a áireamh)	b	178.8	188.2	243.0	273.8	270.2	265.9	250.5	247.8	240.4
Acmhainní dílse breise (suas le huasteorainn CAI agus ionstraimí speisialta uasta) (*)	c	20.8	7.1	16.6	17.1	17.0	16.9	16.6	16.6	16.7
Acmhainní dílse urghnácha chun dliteanais theagmhasacha nach dliteanais theagmhasacha de chuid NGEU iad a chumhdach (**)	d	17.2	7.1	16.4	11.8	12.2	11.1	6.4	5.2	7.8
Lamháil	a-b-c-d	52.8	76.2	83.8	68.8	83.7	100.9	133.3	149.4	166.6
3) Turraing dhíobhálach chomhcheangailte										
Uasteorainn acmhainní dílse	a	267.0	273.3	349.4	357.3	364.9	372.5	380.0	387.6	395.3
Acmhainní dílse chun an buiséad a mhaoiniú (gan NGEU a áireamh)	b	178.8	188.2	243.0	273.8	270.2	265.9	250.5	247.8	240.4
Acmhainní dílse breise (suas le huasteorainn CAI agus ionstraimí speisialta uasta)	c	20.8	7.1	16.6	17.1	17.0	16.9	16.6	16.6	16.7
Acmhainní dílse urghnácha chun dliteanais theagmhasacha nach dliteanais theagmhasacha	d	17.2	7.1	16.4	11.8	12.2	11.1	6.4	5.2	7.8

de chuid NGEU iad a chumhdach										
Lamháil	a-b-c-d	50.2	70.9	73.5	54.7	65.5	78.5	106.5	118.0	130.4

(*) Déantar caiteachas a réamh-mheas ag an uasmhéid teoiriciúil i leith: 1) uasteorainn íocaíochta CAI in 2026-2027 mar a leagtar amach sa choigeartú teicniúil is déanaí agus sna coigeartuithe amach anseo suas lena n-uasmhéid féideartha in aon bhliain amháin; agus 2) uasteorainneacha bliantúla na n-ionstraimí speisialta téamacha (an Ionstraim Sholúbthachta, an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú, an Cúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála, agus an Cúlchiste don Úcráin). Ó 2028 ar aghaidh, áirítear leis sin leas iomlán a bhaint as an Ionstraim Sholúbthachta agus as an gCúlchiste don Úcráin i bhfoirm deontas.

(**) Áirítear leis sin iasachtaíocht le haghaidh tacaíocht iasachta trí EFSM, SURE, MFA+, agus an tSaoráid don Úcráin. Cuirtear san áireamh sa mheasúnú riosca ar ionstraim SURE an fhrithráthaíocht shonrach a sholáthraíonn na Ballstáit uile le haghaidh 25 % d'uasmhéid an chúnaimh airgeadais.

Inbhuanaitheacht agus lamháil i dtaca le huasteorainn shealadach acmhainní dílse NGEU (in EUR billiún, praghsanna reatha)

		2026	2027	2028	2029	2030	2031	2032	2033	2034
Bunlíne										
Uasteorainn acmhainní dílse (0.6 % OIN)	a	115.6	119.4	123.3	127.4	131.3	135.4	139.5	143.7	147.9
Acmhainní dílse chun NGEU a mhaoiniú(*)	b	8.0	5.0	24.0	24.0	24.0	24.0	24.0	24.0	24.0
Lamháil	a-b	107.5	114.4	99.3	103.4	107.3	111.4	115.5	119.7	123.9
Tástálacha struis										
1) Tástáil struis ar an ngeilleagar										
Uasteorainn acmhainní dílse (0.6 % OIN)	a	114.4	117.1	119.8	122.5	125.1	127.7	130.3	132.9	135.5
Acmhainní dílse chun NGEU a mhaoiniú	b	8.0	5.0	24.0	24.0	24.0	24.0	24.0	24.0	24.0
Lamháil	a-b	106.4	112.2	95.8	98.5	101.1	103.7	106.3	108.9	111.5
2) Tástáil struis ar chaiteachas agus ar ioncam										
Uasteorainn acmhainní dílse (0.6 % OIN)	a	115.6	119.4	123.3	127.4	131.3	135.4	139.5	143.7	147.9
Acmhainní dílse chun NGEU a mhaoiniú	b	8.0	5.0	24.0	24.0	24.0	24.0	24.0	24.0	24.0
Acmhainní dílse urghnácha breise le haghaidh NGEU (róchaiteachas, dliteanais theagmhasacha)	c	35.0	41.0	41.5	52.0	25.7	59.5	38.4	39.1	54.4
Lamháil	a-b-c	72.5	73.5	57.8	51.3	81.6	51.9	77.0	80.5	69.5
3) Turraing dhíobhálach chomhcheangailte										
Uasteorainn acmhainní dílse (0.6 % OIN)	a	114.4	117.1	119.8	122.5	125.1	127.7	130.3	132.9	135.5
Acmhainní dílse chun NGEU a mhaoiniú	b	8.0	5.0	24.0	24.0	24.0	24.0	24.0	24.0	24.0
Acmhainní dílse urghnácha breise le haghaidh NGEU	c	35.0	41.0	41.5	52.0	25.7	59.5	38.4	39.1	54.4

(róchaiteachas, dliteanais theagmhasacha)										
Lamháil	a-b-c	71.4	71.2	54.3	46.5	75.4	44.2	67.9	69.8	57.1

(*) Maidir le 2026, léirítear leis an méid sin na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas i ndréachtbhuiséad 2026. Maidir le 2027 comhfhreagraíonn an méid do chlárú airgeadais líne bhuiséid NGEU. Tá na méideanna maidir le 2028 agus 2029 bunaithe ar an togra ón gCoimisiún le haghaidh an chéad CAI eile mar a áirítear sa tuarascáil fhadtéarmach ar insreafaí agus eis-sreafaí an bhuiséid (COM(2024) 573 final).